



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Eanáir 2023
(OR. en)

5588/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0008(COD)**

**SOC 45
STATIS 5
CODEC 49**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Eanáir 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 31 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 31 final.

Faoi iamh: COM(2023) 31 final



An Bhruiséil, 20.1.2023
COM(2023) 31 final

2023/0008 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 38 final} - {SWD(2023) 11 final} - {SWD(2023) 12 final} -
{SWD(2023) 13 final} - {SWD(2023) 14 final} - {SWD(2023) 15 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Cúiseanna agus cuspóirí an togra

Tá staidreamh Eorpach tráthúil, iontaofa, mionsonraithe agus inchomparáide ag teastáil chun beartais agus gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tairbhe don Aontas sna réimsí ina bhfuil inniúlacht ag an Aontas Eorpach, mar a bhunaítear le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Tá faireachán agus tuairisciú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an staid dhéimeagrafach san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 159 CFAE. Ó thaobh institiúidí an Aontais de, teastaíonn figiúirí cruinme inchomparáide daonra uatha chun críocha riaracháin agus nós imeachta, e.g. le haghaidh vótáil trí throllach cáilithe sa Chomhairle. Soláthraítear leis an staidreamh sin freisin ionchuir riachtanacha le haghaidh taighde poiblí trí léargais a chruthú agus an tsochaí a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí. Tá gá le meastacháin daonra freisin chun táscairí per capita a fháil le haghaidh staidrimh. Soláthraítear le staidreamh daonra ionchur i gcomhair réamh-mheastacháin daonra le haghaidh réamh-mheastacháin fhadtéarmacha eacnamaíocha agus bhuiséadacha an Aontais go sonrach agus le haghaidh beartais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhtháthaithe an Aontais go ginearálta. Is féidir leis an bpobal é a thuiscint go héasca freisin toisc go dtugtar tuairisc ann ar fhíricí agus ar theagmhais a bhaineann le gach duine aonair.

I gcomhthéacs an tionscnaimh seo, ciallaíonn staidreamh Eorpach maidir leis an daonra (ESOP) staidreamh oifigiúil ar leibhéal an Aontais maidir leis an daonra, teagmhais dhéimeagrafacha agus imirce agus leis na táscairí éagsúla arna mbunú ar an staidreamh sin. Tá staidreamh foilsithe ag Eurostat sna réimsí sin ó bhí 1960 ann, nuair a tugadh isteach an chéad suirbhé ar mhéid agus ar struchtúr an daonra ghníomhaigh sna Ballstáit a bhí ann an tráth sin. Ó shin i leith, déantar staidreamh daonra a sholáthar go príomha trí thorthaí ó liostaí áirithe daonra díreacha a ghlacadh le linn daonáireamh agus trí thréimhsí idirmheánacha a idirshuí le faisnéis faoi athruithe daonra a glacadh ó chórais riaracháin do chlárú sibhialta (maidir le breitheanna, básanna agus imirce). Leis an aistriú leanúnach idir dhaonáirimh thraidisiúnta allamuigh agus daonáirimh chomhcheangailte nó fiú lánchláraithe, íoslaghdaítear ualach an tsoláthair ar an bpobal i gcoitinne trí thiomsú an staidrimh sin a bhunú ar fhoinsí sonraí riaracháin den chuid is mó.

Go dtí 2007, tharchuir Ballstáit sonraí uile an daonra ar bhonn deonach. Bhí neamhréireachtaí agus easpa iomláine nó tráthúlachta mar thoradh air sin, mar a léirítear leis an meastóireacht a rinneadh le déanaí ar an gcás¹. Le hAirteagal 338 CFAE cuirtear oibleagáid ar an reachtóir bearta a ghlacadh chun staidreamh oifigiúil a sholáthar i gcás inar gá sin maidir le beartais an Aontais. Sa lá atá inniu ann, bunaítear an staidreamh daonra ar chreat dlíthiúil a glacadh idir 2007 agus 2013. Ar an gcéad dul síos, le Rialachán (CE) Uimh. 862/2007² bunaíodh ceanglais maidir le staidreamh imirce i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le staidreamh Comhphobail a bhailiú i réimse na himirce agus maidir le hanailís a dhéanamh air³. Cumhdaítear in Airteagal 3 den Rialachán staidreamh maidir le hinimirce isteach i gcríocha

¹ doiciméad inmheánach oibre (2023)13.

² Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú ([IO L 199, 31.7.2007, lch. 23](#)).

³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa chun Plean Gníomhaíochta a chur i láthair maidir le Staidreamh Comhphobail a bhailiú i réimse na himirce agus maidir le hanailís a dhéanamh air ([COM\(2003\) 83](#)).

na mBallstát agus maidir le heisimirce amach astu, lena n-áirítear sreafaí ó chríoch Ballstáit amháin chuig críoch Ballstáit eile agus sreafaí idir Ballstát agus críoch tríú tír, staidreamh maidir le saoránacht agus tír bhreithe daoine gnáthchónaitheacha i gcríoch na mBallstát, agus staidreamh maidir le fáil saoránachta⁴. Ar an dara dul síos, bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 763/2008⁵ rialacha comhchoiteanna maidir le soláthar sonraí cuimsitheacha daonáirimh gach 10 mbliana maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht san Aontas Eorpach. Áirithíodh leis sin tiomsú sonraí mionsonraithe maidir le saintréithe déimeagrafacha, sóisialta agus eacnamaíocha réamhchinntithe daoine, teaghlach agus líonta tí, agus maidir le saintréithe tithíochta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Ar deireadh, bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013⁶ na rialacha comhchoiteanna maidir le sonraí déimeagrafacha Eorpacha, lena n-áirítear ceanglais sonraí maidir le stoic daonra agus teagmhais bheatha amhail breitheanna agus básanna. Le Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013, ceanglaítear ar na Ballstáit freisin sonraí comhchuibhithe maidir leis an daonra iomlán ar an leibhéal náisiúnta a sholáthar don Choimisiún (Eurostat) lena n-úsáid mar ualaí le haghaidh vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle.

Léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar an staidreamh daonra Eorpach ar an iomlán mar gheall ar chreat dlíthiúil reatha na dtrí ghníomh thuasluaite. Tá méadú suntasach tagtha ar bhreisluach AE agus comhlíonadh riachtanais institiúideacha agus beartas uile an Aontais maidir le staidreamh daonra. Léiríodh sa mheastóireacht freisin, áfach, an laghdú – agus an laghdú atá á dhéanamh fós ar – ábharthacht, ar chomhleanúnachas, ar chomhsheasmhacht agus ar inchomparáideacht sonraí agus staidrimh daonra ar fud na mBallstát, lena mbaineann éifeachtaí diúltacha don chinnteoireacht bunaithe orthu. Tá gá, dá bhrí sin, le bunús dlí nua chun creat fadtéarmach a sholáthar d'fhorbairtí atá riachtanach chun staidreamh daonra Eorpach a chomhchuíú tuilleadh. Ba cheart go mbeadh dóthain solúbthachta sa chreat freisin chun oiriúnú ar bhealach níos fearr do riachtanais bheartais atá ag athrú agus chun na deiseanna atá ag teacht as foinsí nua sonraí a thapú. Tá deiseanna féideartha ann freisin maidir le simpliú riaracháin agus comhtháthú próiseas in ionad na staid gnóthaí reatha ilroinnte sa réimse seo. Dá bhrí sin, tá an tionscnamh seo á chuimsiú i gClár Oibre an Choimisiúin 2022 mar thionscnamh um oiriúnacht rialála (REFIT).

Mar a aithnítear sa mheastóireacht, tá sonraí staidrimh daonra an Aontais – lena n-áirítear teagmhais dhéimeagrafacha agus imirce agus faisnéis faoi theaghlaigh, líonta tí agus socrúithe tithíochta – ríthábhachtach chun beartais fianaisebhunaithe a cheapadh. Tá staidreamh ardcháilíochta maidir leis na Ballstáit uile riachtanach do go leor réimsí agus tionscnamh beartais AE. Seachas na cásanna úsáide fadbhunaithe a luaitear thuas, sainaitníodh riachtanais shoiléire i gceithre cinn as sé thosaíocht de chuid an Choimisiúin do 2019-2024⁷ le haghaidh staidreamh sonrath daonra AE mar fhianaise sonraí do na beartais sin: *Comhaontú Glas don Eoraip, Ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn Ugach nua do Dhaonlathas na hEorpa agus Geilleagar a fhóireann do dhaoine*. Sainaitníodh freisin i dtograí deiridh na

⁴ Cumhdaítear in Airteagal 3, dá bhrí sin, an staidreamh faoi Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a bhaineann le coincheapa déimeagrafacha an phobail cónaitheach lena n-áirítear saoránaigh, agus na hathruithe trí shreafaí imirce a bhaineann leis. Tá an staidreamh sin ina ghné thábhachtach den chothromaíocht dhéimeagrafach, mar aon le staidreamh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013. I gcodarsnacht leis sin, cumhdaítear le hAirteagal 4 go hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 staidreamh maidir le himeachtaí breithiúnacha a bhaineann le tearmann, le himirce dhleathach agus le himirce neamhrialta náisiúnach neamh-AE.

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh tithíochta ([IO L 218, 13.8.2008, lch. 14](#)).

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach ([IO L 330, 10.12.2013, lch. 39](#)).

⁷ https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024_ga.

Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa⁸ go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí ón Aontas sonraí den sórt sin a bhailiú.

Sa mheastóireacht dá bhfuarthas tacaíocht ón gcomhairliúchán páirtithe leasmhara sainathníodh freisin bearnaí móra éagsúla sa chreat staidrimh reatha, go háirithe mionsonraí geografacha agus staidrimh neamhleora agus easpa thráthúlacht agus mhinicíocht na n-aschur staidrimh. An comhairliúchán páirtithe leasmhara ina raibh úsáideoirí institiúideacha agus úsáideoirí gairmiúla eile ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal eile páirteach, thacaigh sé le torthaí na meastóireachta. Sa mheasúnú tionchair, rinneadh measúnú ar na roghanna beartais don tionscnamh sin ar a gcumas na bearnaí sin a líonadh. Baintear leas sa togra reachtach seo as torthaí mionsonraithe na meastóireachta agus an mheasúnaithe tionchair chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin go héifeachtach agus go comhréireach.

In 2014, chun freastal ar riachtanais staidrimh atá ag teacht chun cinn, chuir an Coimisiún (Eurostat) tús le nuachóiriú an staidrimh shóisialta, le tacaíocht ó oifigí staidrimh náisiúnta na mBallstát (NSInna). Mar thoradh air sin, glacadh comhchreat dlíthiúil, mar Rialachán (AE) 2019/1700⁹ le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair a bailíodh ó shamplaí de dhaoine agus de theaghlaigh. Tá an creat sin bunriachtanach chun bunús láidre a leagan ar an leibhéal Eorpach maidir le sonraí a bhailiú ó shamplaí. Is é an tionscnamh seo maidir le staidreamh Eorpach daonra an dara cuid lárnach den phróiseas nuachóirithe sin. Léiríodh tacaíocht luath ardleibhéal don tionscnamh sa Chóras Staidrimh Eorpach i Meabhrán Bhúdaipeist 2017¹⁰, lenar formhuiníodh gníomhaíocht chun freagairt go solúbtha do riachtanais atá ag athrú, coincheapa agus sainmhínte a chomhchuibhiú tuilleadh, agus bailiú bliantúil sonraí a leathnú lena n-áirítear sonraí maidir le himirce agus mionsonraí geografacha.

Ar bhonn thorthaí na meastóireachta agus an mheasúnaithe tionchair, tá gnéithe uailmhianacha sa togra reachtach seo chun naisc agus comhsheasmhacht ghinearálta staidreamh sóisialta uile an Aontais Eorpaigh atá bunaithe ar dhaoine agus ar theaghlaigh a neartú. Tá forálacha sa togra a dhírítear ar shainmhíniú comhchuibhithe ar dhaoine a fhorbairt bunaithe ar choincheapa fóna staidrimh maidir le gach aschur, agus ar rochtain a éascú ar na foinsí sonraí atá ar fáil lena bhfeabhsófar na próisis táirgthe agus cáilíocht ghinearálta an staidrimh shóisialta. Tá forálacha sa togra freisin chun an staidreamh daonra agus imirce idirnáisiúnta a ailíniú níos mó le staidreamh ar theagmhais riaracháin agus bhreithiúnacha a bhaineann le tearmann, imirce dhleathach agus imirce neamhrialta faoi Airteagail 4, 5, 6 agus 7 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007.

⁸ Todhchaí na hEorpa: Comhaontaíonn an Chomhdháil Iomlánach an tsraith dheiridh tograí ([preaseisiúint IP/22/2763](#)); féach togra 15 maidir le haistriú Déimeagrafach, go háirithe pointe 10.

⁹ Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1](#)).

¹⁰

<https://ec.europa.eu/eurostat/documents/13019146/13237859/FINAL+Budapest+memorandum.pdf/96a6db89-1395-44a5-8a46-85e8c49d576c>.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 338(1) CFAE an bunús dlí leis an togra seo lena soláthraítear an bunús dlí le haghaidh Staidreamh Eorpach. Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, glacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta le haghaidh staidreamh táirgthe, i gcás inar gá sin, chun go bhféadfaidh an tAontas Eorpach a ról a fheidhmiú. Leagtar amach in Airteagal 338 na ceanglais maidir le staidreamh Eorpach a sholáthar, agus sonraítear nach mór caighdeáin neamhchlaontachta, iontaofachta, oibiachtúlachta, neamhspleáchais eolaíochta, éifeachtúlachta costais, agus rúndachta staidrimh a chomhlíonadh gan ualach iomarcach a chur ar ghnólachtaí, ar údarais nó ar an bpobal.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Leis an gCóras Staidrimh Eorpach, cuirtear bonneagar faisnéise staidrimh ar fáil. Tá an córas ceaptha chun freastal ar riachtanais úsáideoirí iomadúla i sochaithe daonlathacha.

Ceann de na príomhchritéir cháilíochta nach mór don Staidreamh Eorpach a chomhlíonadh is ea bheith comhsheasmhach inchomparáide. Tá inchomparáideacht an-tábhachtach maidir le staidreamh daonra agus tithíochta mar gheall ar a ról ríthábhachtach maidir le tacú le beartais eacnamaíochta, shóisialta agus chomhtháthaithe fianaisebhunaithe. Ní féidir leis na Ballstáit comhsheasmhacht agus inchomparáideacht a bhaint amach mar is gá gan creat Eorpach soiléir i bhfoirm reachtaíocht an Aontais a bheith ann lena leagtar amach coincheapa comhchoiteanna staidrimh, formáidí tuairiscithe agus ceanglais cháilíochta.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóir an togra atá beartaithe a bhaint amach i gceart más ag gníomhú go neamhspleách ar a chéile a bheidh siad. Féadfar gníomhaíocht a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal AE, trí bhithin gníomh dlí de chuid an Aontais lena n-áiríthítear inchomparáideacht na faisnéise staidrimh sna réimsí staidrimh a chumhdaítear faoin ngníomh atá beartaithe. Féadfaidh na Ballstáit sonraí a bhailiú iad féin.

- **Comhréireacht**

Comhlíontar leis an togra prionsabal na comhréireachta ar an mbealach seo a leanas.

De bharr an togra, déanfar cáilíocht agus inchomparáideacht an staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus maidir le tithíochta a bhailítear ó shamplaí a áirithiú trí na prionsabail chéanna a chur i bhfeidhm ar fud na mBallstát. Áiritheofar leis freisin go mbeidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíochta ábhartha i gcónaí agus go ndéanfar iad a oiriúnú chun go bhfreagróidh siad do riachtanais úsáideoirí. A bhui leis an rialachán, beifear in ann staidreamh a tháirgeadh ar bhonn níos costéifeachtúla agus sainiúlachtaí chórais staidrimh na mBallstát á n-urramú.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní bhaineann an rialachán atá beartaithe ach leis an íosmhéid a theastaíonn chun a chuspóir a bhaint amach agus ní théann sé thar an méid atá riachtanach don chuspóir sin.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: rialachán.

De dheasca chuspóirí agus ábhar an togra, is é rialachán an ionstraim is iomchuí. Braitheann beartais thábhachtacha an Aontais amhail beartais eacnamaíochta, shóisialta agus chomhtháthaithe go bunúsach ar staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht atá inchomparáide, comhchuibhithe agus ar ardchaighdeán. Is fearr is féidir iad sin a

bhaint amach trí rialacháin atá infheidhme go díreach sna Ballstáit agus nach gá iad mar sin a thrasú sa dlí náisiúnta ar dtús.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Mar chuid den tionscnamh sin, rinne an Coimisiún meastóireacht ar an gcreat dlíthiúil reatha le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra, ina gcuimsítear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 agus Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, agus a mbearta cur chun feidhme. Ar an taobh dearfach den scéal, léiríodh sa mheastóireacht gur cuireadh feabhas mór ar an staidreamh Eorpach daonra ar an iomlán leis an gcreat dlíthiúil reatha sin. Mar shampla, tá méadú suntasach tagtha ar bhreisluach AE agus tá riachtanais institiúideacha/thráthúla bheartais uile an Aontais maidir le staidreamh daonra a bhí ar eolas roimh an idirghabháil roimhe sin bainte amach (thart ar 2005). Mar sin féin, tá na ceithre laige seo a leanas sa chreat dlíthiúil reatha.

Ceann de laige an chreata dlí reatha is ea nach n-áirithítear leis **staidreamh comhleanúnach, inchomparáide agus iomlán go hiomlán leis.**

Cé go bhfuil sainmhínte comhchoiteanna ar phríomhchoincheapa staidrimh sa chreat, is minic a bhíonn solúbthacht ann maidir leis an dóigh a gcuireann na Ballstáit chun feidhme iad. Go sonrach, cuireann siad trí shainmhíniú choincheapúla éagsúla i bhfeidhm ar an mbonn daonra (gnátháit chónaithe, áit chónaithe chláráithe, áit chónaithe dhlíthiúil) a cheadaítear, agus iad ag úsáid sainmhínte difriúla le haghaidh tacair shonraí éagsúla uaireanta. Laghdaíodh leis sin inchomparáideacht agus comhleanúnachas shonraí an staidrimh daonra ó Bhallstáit éagsúla, rud a rinne dochar do bhreisluach AE na mbailiúchán sonraí.

Líontar bearnaí áirithe sonraí faoi láthair trí úsáid a bhaint as sonraí a chuireann na Ballstáit ar fáil go deonach. De dheasca sin tá an staidreamh ar leibhéal an Aontais neamhiomlán agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé ag teacht le staidreamh éigeantach. Fágann sé sin nach mbíonn staidreamh deonach chomh héifeachtach ó thaobh costais de maidir lena mbreisluach AE, agus sin é an fáth a bhfuil sé riachtanach agus tábhachtach go mbeidh siad éigeantach amach anseo. D'fhéadfadh bailiúcháin dheonacha a bheith úsáideach ar dtús agus staidreamh nua á fhorbairt, ach tá bonn dlíthiúil soiléir riachtanach dá gcur chun feidhme iomlán mar Staidreamh Eorpach oifigiúil.

Laige eile atá sa chreat dlíthiúil reatha is ea **nach n-áirithítear leis go bhfuil dóthain sonraí daonra ar fáil i gcomhthéacs thráthúlacht agus mhinicíocht na n-eisiúintí sonraí.**

Ní chlúdaítear leis an reachtaíocht atá ann cheana ach staidreamh bliantúil déimeagrafach agus imirce. Faoin reachtaíocht reatha, ní sholáthrófar na tacair shonraí bhliantúla ach laistigh de 12 mhí ó dheireadh na tréimhse tagartha, agus ní sholáthrófar na tacair shonraí daonáirimh deich mbliana ach laistigh de 27 mí ó dheireadh bhliain an daonáirimh. Tá na minicíochtaí sin agus na spriocdhátaí comhfhreagracha fós faoi bhun ionchais na n-úsáideoirí agus ní thagann siad le foilseacháin staidrimh náisiúnta ná le tarchur staidrimh idirnáisiúnta eile ar fud fhorhmór na mBallstát. Faoin reachtaíocht reatha, ní féidir na spriocdhátaí agus na minicíochtaí dlíthiúla a fheabhsú, e.g. chun staidreamh ilbhliantúil daonra agus tithíochta eile, nó staidreamh fobhliantúil daonra a chlúdach (i.e. staidreamh a thiomasaítear níos mó ná uair amháin i rith bliain ar leith), amhail na cinn a forbraíodh le déanaí maidir le básmaireacht COVID-19 níos mó ná.

Agus is laige eile sa chreat **nach léirítear saintréithe agus mionsonraí topaicí nó grúpaí daonra atá ábhartha ón taobh polaitiúil agus sóisialta** le deich mbliana anuas anois.

Is amhlaidh sin toisc go ndírítear reachtaíocht reatha ar na riachtanais sonraí maidir le tosaíochtaí beartais tráth a forbraíodh an reachtaíocht. Le himeacht ama, tá athrú tagtha ar na tosaíochtaí, agus dá bhrí sin ní chlúdaítear go leordhóthanach sa staidreamh daonra atá ar fáil saintréithe, topaicí ná grúpaí daonra a bhaineann le beartas a thuilleadh. Go sonrach, baineann na bearnaí a sainaitníodh sa chomhairliúchán le saintréithe na n-ábhar agus na ngrúpaí atá ábhartha go polaitiúil. I measc na samplaí tá sonraí tithíochta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, imircigh agus soghluaisteacht AE, an daonra uirbeach/tuaithe, agus grúpaí mionlaigh leochaileacha. Tá bearnaí ann freisin maidir le gráinneacht gheografach neamhleor an staidrimh, lena n-áirítear tíopeolaíochtaí feidhmiúla agus sonraí geothagartha do chomhtháthú uirbeach/tuaithe agus anailís trasteorann.

Ar deireadh, níl an creat **solúbtha go leor chun dul in oiriúint do** riachtanais bheartais atá ag athrú nó lena chur ar chumas na mBallstát nó an Aontais foinsí nua a úsáid.

Is é is cúis leis sin nach bhfuil an tsolúbthacht sa reachtaíocht reatha lena féidir í a oiriúnú do riachtanais nua staidrimh. Le foinsí nua sonraí sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais (go háirithe, sonraí riaracháin lena n-áirítear córais idir-inoibritheachta agus sonraí arna sealbhú go príobháideach) soláthraítear feabhsuithe féideartha maidir le costais agus tráthúlacht, ach ní thacaíonn an reachtaíocht reatha lena nglacadh.

Ar deireadh, sainaitníodh sa mheastóireacht iomarcaíochtaí a bhaineann le REFIT maidir le comhlíonadh, forfheidhmiú agus faireachán. Is é is cúis leo sin go bhfuil an reachtaíocht reatha leata amach thar thrí ghníomh dlí nár forbraíodh le chéile. Mar thoradh ar an staid reatha ina soláthraíonn na Ballstáit go leor tacair sonraí dheonacha ach neamhiomlána (le hiomláine ard ach gan iomláine ar fud na mBallstát) déantar laghdú suntasach ar an éifeachtúlacht laghdaithe ar leibhéal AE.

• **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Sa straitéis chomhairliúcháin¹¹ rinneadh príomhphróifílí páirtithe leasmhara a mhapáil i dtí príomhghrúpa (soláthraithe sonraí foinsé – amhail sealbhóirí sonraí riaracháin agus foinsí sonraí ábhartha eile; táirgeoirí staidrimh – go príomha na NSInna - agus úsáideoirí staidrimh) ar ghníomhaíochtaí comhairliúcháin. Áiríodh sa chomhairliúchán comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúcháin spriocdhírthe, ceardlanna spriocdhírthe, comhairliúcháin le sainghrúpaí, agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara agus taighde deisce.

D'éirigh leis an comhairliúchán le páirtithe leasmhara teacht ar na grúpaí páirtithe leasmhara atá beartaithe, seachas soláthraithe sonraí riaracháin agus eagraíochtaí meán. I bhfianaise chineál teicniúil an ábhair, measadh gur leor rannpháirtíocht fhoriomlán na bhfreagróirí chun tacú leis an meastóireacht agus an measúnú tionchair ina dhiaidh ar an staidreamh Eorpach daonra.

Thacaigh an comhairliúchán le tionscnamh an Choimisiúin agus sainaitníodh ann go raibh feabhas suntasach tagtha ar chúrsaí ón idirghabháil beartais roimhe sin i staidreamh maidir le déimeagrafaíocht, imirce idirnáisiúnta agus daonra, agus daonáirimh tithíochta. Sainaitníodh ann freisin, áfach, bearnaí staidrimh agus teacht chun cinn riachtanas staidrimh nua nach féidir a chomhlíonadh faoin an gcreat dlíthiúil reatha.

Dhearbhaigh na páirtithe leasmhara go léir an gá le feabhsuithe staidrimh a phleanáil, cé nár aontaigh siad i gcónaí ar leibhéal uailmhéine na bhfeabhsúchán sin. Bhí táirgeoirí staidrimh ábhairín níos coimeádaí ná úsáideoirí staidrimh maidir leis sin.

¹¹ doiciméad inmheánach oibre (2023)15; féach an tuairisc achoimre fhíorasach ar [Cloisimis uait](#).

Ba iad na topaicí staidrimh a d'aontaigh na grúpaí páirtithe leasmhara go léir topaicí tosaíochta, staidreamh imirce níos fearr, mionsonraí geografacha níos mó agus staidreamh níos tráthúla agus níos minice. D'admhaigh na páirtithe leasmhara go léir go raibh sé an-tábhachtach an bonn daonra a chomhchuíbhíú, agus bhí roinnt táirgeoirí staidrimh i gcoinne athrú.

Bhain na príomhthopaicí staidrimh a raibh tuairimí difriúla ag táirgeoirí agus úsáideoirí ina leith le sonraí combhionannais agus le bailiú deonach sonraí a dhéanamh éigeantach. Bhí tuairimí difriúla ag na táirgeoirí agus úsáideoirí, a bheag nó a mhór, maidir le staidreamh ar thithíocht, foirceannadh toirchis go dleathach agus básmhaireacht naíonán.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'iarr an Coimisiún go rialta ar a shainghrúpaí ábhartha comhairle agus ionchur a lorg maidir le dul chun cinn na meastóireachta agus an mheasúnaithe tionchair. Coinníodh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach¹² ar an eolas faoin dul chun cinn freisin. Is iad seo a leanas na trí shainghrúpa (Clár Grúpaí Saineolaithe an Choimisiúin¹³):

- an Grúpa Oibre um Dhaonáireamh agus um Áireamh Thithíochta ([E01544](#)) agus a fhoghrúpa, an Tascfhórsa ar Thodhchaí na nDaonáireamh;
- an Grúpa Oibre um Staidreamh Daonra ([E03076](#));
- na Stiúrthóirí Eorpacha um Staidreamh Sóisialta ([E01552](#)).

Ba é an Coimisiún a rinne an mheastóireacht an measúnú tionchair ina dhiaidh le tacaíocht ó staidéar conraitheora a rinne ICF SA, an Bheilg. Don mheastóireacht, soláthraíodh sa staidéar tacaíochta anailís eacnamaíoch agus choimhdeachta agus chás-staidéir ar shainmhínte daonra. Maidir leis an measúnú tionchair, soláthraíodh sa staidéar an anailís chostais chainníochtúil agus an tacaíocht mhodheolaíoch chun na roghanna beartais a scóráil agus a rangú. Thacaigh an conraitheoir freisin le gníomhaíochtaí éagsúla comhairliúcháin le páirtithe leasmhara lena n-áirítear an comhairliúchán poiblí oscailte, an comhairliúchán spriocdhírthe le NSInna agus roinnt ceardlanna tráthúla le grúpaí páirtithe leasmhara sonracha.

- **Measúnú tionchair**

Fuarthas tuairim dhearfach le hamhras maidir leis measúnú tionchair don tionscnamh sin¹⁴, a phléigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála i gcuiníní foirmiúil an 16 Márta 2022¹⁵. D'fhormhuinigh an grúpa stiúrtha idirsheirbhíse leagan athbhreithnithe den tuarascáil ar an measúnú tionchair ina dtugtar aghaidh ar na heasnaimh a saináithníodh sa tuairim ag a chruinniú an 16 Meitheamh 2022.

Is é an cuspóir ginearálta a shainítear sa mheasúnú tionchair freagairt níos fearr a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí agus ábharthacht, comhchuíbheas agus comhleanúnachas an staidrimh Eorpaigh daonra a nuachóiriú agus a fheabhsú. Is féidir é seo a bhriseadh síos i gceithre shainchuspóir chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a leagtar amach thuas, is iad sin:

- (1) staidreamh Eorpach daonra atá iomlán, comhleanúnach agus inchomparáide a áirithiú;
- (2) staidreamh tráthúil agus rialta a áirithiú chun freastal ar riachtanais úsáideoirí;
- (3) staidreamh a sholáthar atá sách cuimsitheach ó thaobh topaicí ábhartha de agus atá sách mionsonraithe ó thaobh saintréithe agus miondealuithe de;

¹² Arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

¹³ <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/home>

¹⁴ doiciméad inmheánach oibre (2023)11; doiciméad inmheánach oibre (2023)12.

¹⁵ SEC(2023) 38.

- (4) creataí dlíthiúla agus bailithe sonraí a chur chun cinn atá solúbtha go leor chun tacair shonraí a chur in oiriúint do riachtanais bheartais atá ag athrú agus na deiseanna a sholáthraítear le foinsí nua sonraí a thapú.

Forbraíodh roghanna beartais trí bhearta gráinneachta beartais a ghrúpáil ina dtugtar aghaidh ar na cuspoirí sonracha de réir ceithre shaintréith: comhchuibhiú staidrimh i gcás inarb é an príomhfhócas an bonn daonra a shainiú; próisis staidrimh a chomhtháthú; aschuir staidrimh; solúbthacht creata.

- Is é Rogha A an cás bunlíne, lena mbaineann próisis agus reachtaíocht staidrimh ar leithligh, comhchuibhiú teoranta ar an sainmhíniú ar 'daonra', agus gan aon aschuir staidrimh nua.
- Is iad príomhghnéithe roghanna B.1 agus B.2 uasghrádú, mar aon le huailmhian atá ag méadú, ar na haschuir staidrimh agus ar sholúbthacht an chreata, ach comhchuibhiú teoranta ar an mbonn daonra.
- Tá roghanna C.1 agus C.2 mar an gcéanna le B.1 agus B.2, ach baineann iarracht níos uailmhianaí chun an bonn daonra a chomhchuibhiú leis. Baineann roghanna B.2 agus C.2 le huasghrádú ar an aschuir staidrimh agus ar sholúbthacht an chreata atá níos fairsinge ná roghanna B.1 agus C.1.
- Ar deireadh, bhainfeadh roghanna D.1 agus D.2 le comhchuibhiú iomlán agus mór-uasghrádú ar aschuir, chomh maith le dóthain solúbthachta le haghaidh forbairt staidrimh amach anseo chun freastal ar riachtanais nua. Áirítear le rogha D.2 freisin clár um thiomsú staitistiúil daonra a thabhairt isteach i ngach Ballstát.

Rinneadh costais gach rogha a chainníochtú a oiread agus is féidir, ag baint úsáid as na critéir seo a leanas: (i) leibhéal comhchuibhithe an bhoinn daonra; (ii) aschuir staidrimh a uasghrádú; agus (iii) comhtháthú na bpróiseas staidrimh trí chlár náisiúnta um thiomsú staitistiúil daonra. Ar deireadh, rinneadh miondealú ar na tairbhí, ach ní fhéadfaí an chuid is mó díobh a chainníochtú mar gheall ar a gcineál indíreach nó scaipthe go minic, agus rinneadh measúnú cáilíochtúil orthu dá bhrí sin.

In éagmais tairbhí cainníochtaithe, ní rabhtas ábalta na roghanna a rangú go díreach. Léiríodh sa mheasúnú éifeachtúlachta go cáilíochtúil, áfach, nach bhfuil aon cheann de na roghanna níos éifeachtaí ó thaobh costais de ná aon cheann eile. Seachas sin, soláthraítear tairbhí atá ag dul i méid leo (go díreach d'úsáideoirí staidrimh agus go hindíreach don tsochaí iomlán) ar chostais atá ag dul i méid (go príomha do tháirgeoirí staidrimh, i.e. córais náisiúnta soláthartha staidrimh). Léirítear é sin leis an difríocht mhór idir táirgeoirí staidrimh agus úsáideoirí staidrimh, mar gur dhírigh na táirgeoirí ar chostais agus gur dhírigh na húsáideoirí níos mó ar na tairbhí. Tá sé léirithe go soiléir sa mheasúnú, áfach, go mbaineann a phraghas féin le beart uailmhianach maidir le freastal ar riachtanais sonraí do thosaíochtaí bheartais AE, i bhfoirm acmhainní breise a theastaíonn do tháirgeoirí staidrimh a ndéantar comparáid shuntasacha leis na costais bhonnlíne reatha (suas le 10 %, a bheag nó a mhór, do rogha D.2). Go sonrach, níl ach bearta forleathana sna roghanna is uailmhianaí, D.1 agus D.2, maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais phríomhréimsí bheartais an Aontais amhail comhtháthú uirbeach/tuaithe, an Comhaontú Glas don Eoraip, agus cearta bunúsacha agus neamh-idirdhealú. Chomh maith leis sin, ní áirítear ach clár um thiomsú staitistiúil daonra i rogha D.2 maidir le soláthar staidrimh a dhéanamh níos éifeachtaí, rud a chuidíonn leis na spriocanna uailmhianacha aschuir a bhaint amach.

Dá bhrí sin, ba é D.2 an rogha ab fhearr ar an iomlán. Mar gheall gurb í an rogha is uailmhianaí i gcomhthéacs aschuir staidrimh agus sholúbthacht an chreata, baintear an toradh is fearr amach léi a bhuí le simpliú agus comhtháthú córas táirgthe staitistiúil atá chomh

huailmhianach céanna agus le gnóthachain éifeachtúlachta fadtéarmaí inbhuanaithe. Tá éiginnteachtaí fós ann, áfach, maidir le coimhdeacht agus comhréireacht, chomh maith leis na costais shuntasacha oiriúnaithe a bhaineann le cláir idir-inoibritheacha um thiomsú staitistiúil daonra a thabhairt isteach i ngach Ballstát. Ar an gcúis sin, bheadh cur chuige (coimeádach) malartach lena roghnófaí rogha C.2 réasúnach freisin dá gcuirfí níos mó tábhachta le comhréireacht agus éifeachtúlacht rogha D.2 – bheadh sé sin níos inghlactha freisin do tháirgeoirí staidrimh mar phríomhpháirtithe leasmhara cur chun feidhme.

Is iad na himeachtaí is suntasaí sa togra reachtach seo ó roghanna tosaíochta an mheasúnaithe tionchair an uailmhian laghdaithe maidir le sonraí comhionannais agus maidir le cláir um thiomsú staitistiúil daonra a chur ar bun sna Ballstáit. Maidir leis an gcás deireanach sin, ní luaitear sa mheasúnú tionchair amhras sonrath ar bith maidir le comhréireacht agus coimhdeacht na gclár staidrimh sin sna Ballstáit uile. Dá bhrí sin, glactar líne a leanann rogha C.2 leis an togra, i.e. díriú níos mó ar ghnéithe aschur an bhonneagair staidrimh gan srianta nós imeachta a shonrú. Tá rogha láidir léirithe ag saineolaithe NSI a ndeachthas i gcomhairle leo maidir le cur chuige dírithe ar aschuir den sórt sin. Neartófaí leis an togra fós an bunús dlí agus spreagfaí forbairt réiteach nuálach chun comhroinnt sonraí idir na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna cáilíochta trasteorann a bhaineann le saorghluaiseacht shaoránaigh an Aontais a éascú. Go sonrath, tacaítear go follasach le teicneolaíochtaí cosanta príobháideachais chun comhroinnt sonraí a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta (féach ‘Cearta bunúsacha’ thíos).

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is dócha go gcruthófar leis na roghanna tosaíochta D.2 nó C.2 scóip éigin do choigilteas costais féideartha a bhaineann le REFIT mar thoradh ar shimpliú, ar chuíchóiriú agus ar chomhtháthú na bpróiseas staitistiúil. Táthar ag súil go ndéanfar simpliú, go háirithe maidir le comhroinnt sonraí idir úinéirí sonraí foinse agus NSInna, maidir le hoiriúnuithe rialála do riachtanais sonraí atá ag athrú do NSInna agus do Eurostat, agus maidir le nósanna imeachta um tharchur sonraí do NSInna agus do Eurostat. Bainfidh úsáideoirí tairbhe as rochtain shimplithe agus láráithe ar staidreamh ar shuíomh gréasáin Eurostat.

Ar aon dul le rogha tosaíochta C.2, ní éilítear cláir um thiomsú staitistiúil daonra faoin togra seo, ach neartaítear leis na réamhriachtanais dhlíthiúla agus theicniúla maidir le comhroinnt sonraí idir na Ballstáit. D'fhéadfadh comhroinnt sonraí lena n-úsáidtear teicneolaíochtaí nua-aoiseacha réitigh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a thairiscint le haghaidh dearbhú cáilíochta staidrimh san fhadtéarma.

- **Cearta bunúsacha**

Sainaithníodh sa mheasúnú tionchair dhá phríomhfhoinsé a bhféadfadh tionchar indíreach a bheith acu ar chearta bunúsacha. Ar lámh amháin, léirigh grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla inní sa chomhairliúchán le páirtithe leasmhara maidir le rioscaí níos mó ar chosaint sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bonneagair staidrimh fheabhsaithe agus nuachóirithe lena nasctar gach cineál foinse ábhartha go héifeachtúil agus lena n-éascaítear comhroinnt sonraí idir na Ballstáit. Ar an taobh eile, chuirfí feabhas ar bheartais um chearta bunúsacha dá méadófaí infhaighteacht agus cáilíocht níos fearr staidrimh ar fheiniméin shóisialta (lena n-áirítear sonraí níos fearr maidir le saintréithe socheacnamaíochta grúpaí leochaileacha nó ar fhorais idirdhealaithe).

Cuirtear na torthaí sin san áireamh sa togra trí fheabhsuithe comhréireacha agus spriocdhírthe ar aschuir staidrimh ábhartha a mholadh, ag cloí fós le prionsabail, agus impleachtaí dlíthiúla

reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta i Rialachán (AE) 2016/679¹⁶ agus i Rialachán (AE) 2018/1725¹⁷ á gcur san áireamh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chlúdaítear cistiú bailiúchán rialta sonraí leis an togra, ach déantar foráil ann i leith comhchistiú ón Aontas maidir le hiarrachtaí ábhartha nuachóirithe lena n-áirítear treoirstaidéir agus staidéir féidearthachta sna Ballstáit. Geallann an Coimisiún (Eurostat) freisin go bhforbróidh sé bonneagar slán chun sonraí a chomhroinnt. Ar deireadh, beidh gá acmhainní daonna agus oibriúcháin sa Choimisiún (Eurostat) a mhéadú chun déileáil leis an ualach oibre méadaithe rialála, faireacháin agus soláthartha a bheidh ann mar thoradh ar na bailiúcháin sonraí a bheith feabhsaithe go mór.

Beidh tréimhse neamhtheoranta le tionchar airgeadais foriomlán an togra. Tá na himpleachtaí buiséadacha measta thar na chéad 10 mbliana i ndiaidh theacht i bhfeidhm an rialacháin leagtha amach sa ráiteas airgeadais reachtach.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Meastar gurb é in 2023 a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an rialachán atá beartaithe agus go nglacfaidh an Coimisiún na bearta cur chun feidhme go gairid ina dhiaidh sin. Beidh an rialachán infheidhme go díreach i mBallstáit uile an Aontais Eorpaigh gan aon ghá le plean cur chun feidhme.

De réir an rialacháin nua, táthar ag súil leis go dtosóidh na Ballstáit ag soláthar sonraí don Choimisiún in 2026.

I gcomhréir leis an measúnú tionchair, déanfar faireachán agus meastóireacht rialta ar chur chun feidhme an rialacháin a glacadh. Tá socruithe faireacháin sa mheasúnú tionchair freisin, lena n-áirítear tograí le haghaidh na dtáscairí a úsáidfear.

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Bunaítear leis an rialachán beartaithe creat nua le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht. Trí staidreamh reatha maidir le déimeagrafaíocht, imirce agus áirimh a chomhtháthú, sonraítear ann nach mór do na Ballstáit staidreamh a sholáthar maidir le 3 réimse (déimeagrafaíocht, tithíocht, teaghlaigh agus líonta tí), 11 topaic gaolmhar agus 23 thopaic mhionsonraithe. Tacófar leo sin le hailt maidir le hábhar, sainmhínte, tiomsú staitistiúil daonra agus aonaid staidrimh, tréimhsiúlacht agus amanna tagartha, foinsí sonraí agus modhanna lena n-áirítear cumasóirí sonracha maidir le hathúsáid foinsí sonraí riaracháin, rúndacht staidrimh, sonraíochtaí cáilíochta, comhroinnt sonraí, staidéir phíolótacha agus staidéir féidearthachta airgeadais, agus ranníocaíochtaí féideartha airgeadais.

¹⁶ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ([IO L 119, 4.5.2016, lch.1](#)).

¹⁷ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán(CE) Uimh. 45/118 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([IO L 295, 21.11.2018, lch. 39](#)).

Mar phríomhghné de na sainmhínte, tá sé mar aidhm leis an togra seo fadhb struchtúrtha sa reachtaíocht reatha a sainathníodh sa mheastóireacht a réiteach: an easpa comhchuibhithe ar an sainmhíniú ar bhonn daonra. Tá an togra nua bunaithe ar shainmhíniú comhchoiteann ar an daonra bunaithe ar choincheap an ghnáthchónaithe staidrimh, gan díolúintí réamhshocraithe. Thairis sin, moltar go sainráite modhanna meastacháin staidrimh (amhail 'comharthaí beatha' nó 'ráta fanachta') ionas gur féidir an sainmhíniú a chur chun feidhme ag tosú ó fhoinsí sonraí riaracháin. Dá dtiocfaidh ar shainmhíniú comhchuibhithe daonra a chuirfí chun feidhme go cuí ar fud na mBallstát go léir, chuirfí feabhas suntasach ar inchomparáideacht agus comhleanúnachas an staidrimh Eorpaigh daonra, i gcomhréir le roghanna tosaíochta an mheasúnaithe tionchair.

Shonrófaí sonraí na gceanglas sonraí i ngníomhartha cur chun feidhme, ach leis an rialachán atá beartaithe féadfar liosta na dtopaicí mionsonraithe agus a dtréimhsiúlacht agus a n-amanna tagartha a leasú trí ghníomhartha tarmligthe. Foráiltear leis an togra freisin go bhféadfar freagairt do riachtanais sonraí atá le teacht le bailiúcháin sonraí ad hoc. Ar deireadh, ceanglaítear leis an rialachán atá beartaithe go seolfar treoirstaidéir agus staidéir féidearthachta de réir mar is cuí agus soláthraítear cómhaoiniú féideartha leis chun córais soláthartha staidrimh a nuachóiriú tuilleadh agus chun topaicí nua a thástáil. Moltar na cumhachtaí cur chun feidhme agus tarmligthe sin a thugtar don Choimisiún, chomh maith leis an bhféidearthacht treoirstaidéir /staidéir féidearthachta a sheoladh, chun solúbthacht áirithe an chreata nua a choinneáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí atá ag teacht chun cinn agus ar dheiseanna ó fhoinsí sonraí nua thar thréimhse níos faide amach anseo.

Ina theannta sin, tugtar tuairisc in alt a bhaineann go sonrath le comhroinnt sonraí ar dóigh is féidir sonraí rúnda a chomhroinnt faoi Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸ chun críocha sonracha staidrimh daonra. Ar lámh amháin, léirítear le taithí roimhe seo go bhfuil gá le comhar trasteorann idir NSInna bunaithe ar thaifid aonair chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shaincheisteanna clúdaigh a bhaineann le saorghluaiseacht shaoránaigh AE. Ar an lámh eile, le Rialachán (AE) 2016/679 cuirtear dianteorainn le comhroinnt sonraí sa chomhthéacs sin, bunaithe ar shé phrionsabal lena n-áirítear teorannú de réir cuspóra, íoslaghú sonraí, agus sláine agus rúndacht. Chun comhroinnt éifeachtach sonraí a éascú chun críocha cáilíochta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, ceanglaítear leis an togra seo go ndéanfar teicneolaíochtaí cosanta príobháideachais lena gcuirtear chun feidhme íoslaghú sonraí trí dhearadh a thástáil agus a úsáid. Ní mór don Choimisiún (Eurostat) bonneagar slán a bhunú freisin chun comhroinnt sonraí dá leithéid a éascú agus sláine theicniúil agus rúndacht na próiseála sonraí a n-áirithiú.

Ar deireadh, tá trí chuspóir ar leith leis an gcuid den togra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007:

- (1) a raon feidhme staidrimh a laghdú trí Airteagal 3 a scriosadh, ar aistríodh na topaicí staidrimh ann isteach sa chreat nua ESOP;
- (2) níos mó cumasóirí dlíthiúla a chur le húdaráis staidrimh maidir le rochtain thráthúil ar athúsáid foinsí sonraí riaracháin agus a n-athúsáid chun críocha an Rialacháin sin, i gcomhréir le cumasóirí leathnaithe a cuireadh leis an togra ESOP féin;

¹⁸ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

- (3) a áirithiú go mbeidh liostaí na dtíortha agus na gcríoch a úsáidtear chun críocha an Rialacháin sin comhchuibhithe leis na liostaí a úsáidfeadh sa chreat nua ESOP.

Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ní mór Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú trí thogra ESOP toisc go n-aistrítear na topaicí staidrimh ón Rialachán sin chuig an gcreat nua ESOP. Tá cúiseanna tábhachtacha staidrimh agus modheolaíochta leis an gcur chuige sin:

- Tagraíonn 'imirce', mar a chumhdaítear faoi láthair le hAirteagal 3(1)(a-c) de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, do choincheap bunúsach déimeagrafach daoine a théann chun cónaí i dtír eile, i.e. cuid de na sreafaí lena n-athraítear cothromaíocht dhéimeagrafach tíre. Tá sé mar aidhm leis an togra ESOP bunús dlí comhtháite aonair a thabhairt isteach – den chéad uair – maidir le gach gné den chothromaíocht dhéimeagrafach. Ba cheart go gcumhdófaí leis sin gach sreabhadh lena n-áirítear teagmhais bheatha (breitheanna, básanna) ach sreafaí imirce agus líon imirceach freisin – sa chiall go bhfuil an áit chónaithe ag athrú ó thír amháin go tír eile.
- Topaic staidrimh is ea 'fáil agus cailliúint saoránachta' a a chumhdaítear faoi láthair le hAirteagal 3(1)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a bhaineann go dlúth mar gheall ar a chineál leis an gcothromaíocht dhéimeagrafach sa mhéid go gcomhlánaítear léi teagmhais bheatha le hathruithe (sreafaí isteach agus sreafaí amach) an daonra saoránach a bhfuil cónaí orthu sa tír.

Is leasuithe iarmharacha na leasuithe eile go léir atá beartaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 (athrú teidil, scríosadh míreanna ábhair in Airteagal 1 agus sainmhínithe in Airteagal 2), ar raon feidhme laghdaithe an Rialacháin sin dá bharr sin.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²⁰,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Teastaíonn staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht chun beartais an Aontais a dhearadh, a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu, go háirithe na beartais sin lena dtugtar aghaidh ar an athrú déimeagrafach, ar an aistriú glas agus an aistriú digiteach, ar éifeachtúlacht fuinnimh, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun chinn, agus ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (NA) a bhaint amach.
- (2) Is ainmneoir tábhachtach é staidreamh daonra do réimse leathan táscairí beartais agus úsáidtear é mar thagairt ar fud an Staidrimh Eorpaigh, go háirithe chun framáí samplála a sholáthar chun suirbhéanna ionadaíocha a dhéanamh ar dhaoine agus ar theaghlaigh, faoi Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹.
- (3) Tugann Comhairle na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais sainordú go rialta don Choiste um Beartas Eacnamaíoch chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus ar cháilíocht an airgeadais phoiblí ar bhonn réamh-mheastacháin

¹⁹ OJ C , , lch. .

²⁰ OJ C , , lch. .

²¹ Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle (IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1).

daonra a chuireann Eurostat ar fáil. Úsáidtear na réamh-mheastacháin daonra freisin chun anailís a dhéanamh ar bheartais i gcomhthéacs an tseimeastair Eorpaigh. Ba cheart an staidreamh uile is gá chun réamh-mheastacháin daonra a sholáthar agus a fhoilsiú i gcomhréir le riachtanais faisnéise an Aontais a bheith ar fáil don Choimisiún (Eurostat).

- (4) I gcomhréir le hAirteagal 175(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Choiste na Réigiún gach trí bliana ar an dul chun cinn atá déanta maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach. Teastaíonn sonraí réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear sonraí le haghaidh cineálacha éagsúla críche amhail réigiúin teorann, cathracha agus a limistéir uirbeacha fheidhmiúla, réigiúin chathracha, réigiúin tuaithe, réigiúin sléibhe agus oileáin, chun na tuarascálacha sin a ullmhú agus chun faireachán rialta a dhéanamh ar fhorbairtí déimeagrafacha agus ar dhúshláin dhéimeagrafacha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo i gcríocha an Aontais.
- (5) De réir Airteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), sainíodh tromlach cáilithe de chomhaltaí na Comhairle, inter alia, ar bhonn dhaonra na mBallstát. Chun na críche sin, de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²², tá oibleagáid ar na Ballstáit faoi láthair sonraí maidir leis an daonra iomlán ar an leibhéal náisiúnta a sholáthar don Choimisiún (Eurostat).
- (6) In 2017, d'fhorhnuigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (ESSC) Meabhrán Bhúdaipeist inar sonraíodh an gá le staidreamh bliantúil maidir le méid agus maidir le saintréithe áirithe sóisialta, eacnamaíocha agus déimeagrafacha an daonra agus le staidreamh feabhsaithe i ndáil leis an imirce. Chun go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe idir a shaoránaigh i ngach gníomhaíocht agus cearta na saoránach aonair arna gcumhdach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh²³ agus in Airteagal 10 agus Airteagal 19 CFAE, tá staidreamh iontaofa inchomparáide ag teastáil ón Aontas. Le Rialachán (AE) 2019/1700 soláthraítear creat le haghaidh bailiúcháin sonraí ó shamplaí lena n-éascaítear sonraí maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú a bhailiú a mhéid is féidir ar shamplaí agus anailís a dhéanamh ar roinnt gnéithe den chomhionannas agus den idirdhealú trí tháscairí socheacnamaíocha agus faisnéis ar eispéireas idirdhealaithe a sholáthar. Ina theannta sin, déanann an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) staidéir shonracha agus suirbhéanna tiomnaithe lenar féidir infhaighteacht an staidrimh comhionannais a leathnú tuilleadh ar leibhéal AE. Ba cheart comhar agus comhordú idir na Ballstáit, Eurostat agus na gníomhaireachtaí sin amach anseo a fheabhsú chun freastal ar éilimh úsáideoirí atá ag méadú maidir le sonraí iontaofa cuimsitheacha maidir le comhionannas agus éagsúlacht san Aontas.
- (7) Chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, teastaíonn staidreamh feabhsaithe maidir le húsáid fuinnimh agus éifeachtúlacht tithíochta, sonraí geografacha mionsonraithe maidir le dáileadh an daonra chomh maith le staidéir níos cuimsithí ar an ngaol idir an daonra agus tithíocht chun beartais éifeachtacha a fhorbairt agus a mheas. Le paidéim COVID-19 léiríodh an gá le staidreamh iontaofa,

²² Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach (IO L 330, 10.12.2013, lch. 39).

²³ IO C 202, 7.6.2016, lch. 389.

ardmhinicíochta agus tráthúla ar bhásanna san Aontas. Cé gur freastalaíodh ar riachtanais sonraí le bailiú deonach sonraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat), teastaíonn sásra leordhóthanach ón Aontas le haghaidh bailiú éigeantach na sonraí sin laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach (CSE) leis an minicíocht, tráthúlacht agus mionsonraí is gá.

- (8) Glacann Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe, ar mholadh ó Choimisiún Staidrimh na Náisiún Aontaithe, rúin gach deich mbliana maidir leis an daonra domhanda agus áireamh tithíochta agus iarrann sí ar Bhallstáit na Náisiún Aontaithe daonáireamh agus áireamh tithíochta a thionóil i gcomhréir le moltaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus trí chloí le sláine, iontaofacht, cruinneas agus luach thorthaí an daonáirimh agus an áirimh tithíochta. Ba cheart na moltaí sin a chur san áireamh i staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht.
- (9) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴ bunaíodh creat dlíthiúil i gcomhair fhorbairt, tháirgeadh agus scaipeadh an staidrimh Eorpaigh, bunaithe ar phrionsabail chomhchoiteanna staidrimh. Leagtar amach sa Rialachán sin na critéir cháilíochta agus tagraítear don ghá go ndéanfaí an t-ualach freagartha ar fhreagróirí suirbhéanna a íoslaghódú agus don ghá cur leis an gcuspóir níos ginearálta maidir le hualaí riaracháin a laghdú. Le creat dlíthiúil nua le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, ba cheart na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán sin a chur chun feidhme agus ba cheart go n-éascófaí laghdú ualaigh trí athúsáid éifeachtach agus éifeachtúil na bhfoinsí sonraí atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí riaracháin, a chuimsiú.
- (10) Sa mheastóireacht ar an staidreamh atá ann²⁵ cheana maidir le daonáirimh agus áirimh thithíochta san Aontas, léiríodh sa staidreamh maidir le sreafaí imirce idirnáisiúnta, líon imirceach agus fáil saoránachta agus staidreamh déimeagrafaíochta go bhfuil feabhas suntasach ar an iomlán tagtha ar an staidreamh i gcomparáid le staid 2005 de bharr an chreata dlí atá ann faoi láthair lena gcuimsítear Rialacháin (CE) Uimh. 862/2007²⁶, (CE) Uimh. 763/2008²⁷ agus (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle gan an creat dlíthiúil reatha a bheith i bhfeidhm. D'fhéadfadh easpa comhleanúnachais agus inchomparáideachta a bheith i gceist leis an gcreat sin, áfach, rud ba cheart aghaidh a thabhairt air.
- (11) Leis an staid dhéimeagrafach atá ag teacht chun cinn agus treochoí imirce le déanaí cruthaíodh éilimh ar staidreamh Eorpach níos tráthúla, níos minice agus níos mionsonraithe maidir leis an daonra, teagmhais bheatha agus tithíocht, lena n-áirítear sonraí faoi thopaicí nó faoi ghrúpaí atá éirithe níos ábhartha ar bhonn polaitiúil agus sochaíoch le deich mbliana anuas. Ina theannta sin, níl an creat dlí atá ann cheana solúbtha go leor chun oiriúnú do riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus

²⁴ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

²⁵ doiciméad inmheánach oibre (2023)13.

²⁶ Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibríthe ón gcoigríoch a thiomsú (IO L 199, 31.7.2007, lch. 23).

²⁷ Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta (IO L 218, 13.8.2008, lch. 14).

chun úsáid foinsí nua ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a éascú. Ina theannta sin, mar thoradh ar struchtúr an chreata dhlíthiúil reatha i bhfoirm trí rialachán ar leith, arna nglacadh ag amanna éagsúla, tá neamhréireachtaí bunúsacha sa staidreamh. Ar deireadh, ós rud é go scoirfidh Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 d'fheidhm a bheith aige an 31 Lúnasa 2028, tá gá le bunús dlí nua maidir leis an staidreamh déimeagrafach a bhailítear faoin Rialachán sin. Is gá, dá bhrí sin, creat nua níos comhleanúnaí agus níos solúbtha a chur in ionad an chreata dhlíthiúil reatha ar cheart codanna ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú leis agus Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus (AE) Uimh. 1260/2013 a aisghairm leis.

- (12) Cumhdaítear le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 staidreamh maidir le tír shaoránachta agus áit bhreithe an daonra cónaitheach (líon imirceach), maidir le hathruithe cónaithe idir tíortha (sreafaí imirce idirnáisiúnta) agus maidir le fáil saoránachta an phobail cónaitheach, ach baineann an staidreamh eile faoin Rialachán sin le nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha a bhaineann le reachtaíocht um imirce agus le cosaint idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá dlúthnasc idir an staidreamh faoi Airteagal 3 agus ba cheart go mbeadh sé comhsheasmhach leis an staidreamh maidir leis an daonra cónaitheach agus leis na hathruithe déimeagrafacha a rinneadh air faoi Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013. Chun comhsheasmhacht bunúsach a áirithiú, ba cheart staidreamh sin a chomhtháthú, dá bhrí sin, in aon bhunús dlí amháin agus Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 á scriosadh.
- (13) Mar gheall ar chineál roinnt saintréithe daonra agus tithíochta atá ag athrú go tapa, go háirithe maidir le feiniméin dhéimeagrafacha agus imirce, agus mar gheall ar an ngá comhfhreagrach díriú go pras ar bheartais agus iad a chur in oiriúint, is gá go mbeidh staidreamh ar fáil ar bhonn tráthúil go luath i ndiaidh na tréimhse tagartha. Ba cheart, dá bhrí sin, tréimhsiúlacht agus tráthúlacht an staidrimh a chur chun cinn go follasach.
- (14) Le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸, bunaítear modheolaíocht ghreillebhunaithe chun tíopeolaíochtaí críche a shainiú, bunaithe ar dháileadh an daonra de réir cealla greille aon chiliméadair chearnaigh amháin. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1799²⁹ ón gCoimisiún mar ghníomh staidrimh díreach sealadach a ghabhann le daonáirimh agus áirimh thithíochta 2021, déantar foráil i leith aschuir thábhachtacha dhaonáirimh ar ghreille ciliméadair chearnaigh uile-Eorpach amháin. Ba cheart go n-áiritheofaí le creat dlíthiúil scaipeadh leantach staidrimh geothagartha daonra bunaithe ar ghreillí agus a leathnú chuig staidreamh tithíochta.
- (15) Ba cheart aonaid chríochacha agus greillí staidrimh a shainiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003.
- (16) Maidir le geochódú suíomhanna, ba cheart téama na nAonad Staidrimh i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰ a úsáid.

²⁸ Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críochach le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

²⁹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1799 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2018 maidir le gníomhaíocht staidrimh dhíreach shealadach a bhunú chun topaicí roghnaithe dhaonra agus áireamh tithíochta 2021 a scaipeadh agus iad geochódaithe go greille 1 km² (IO L 296, 22.11.2018, lch. 19).

³⁰ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

- (17) Ní mór an creat dlíthiúil reatha le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a thabhairt cothrom le dáta lena áirithiú go ndéanfar na próisis staidrimh atá scartha faoi láthair a chomhtháthú go leordhóthanach i gcreat comhchoiteann lena féidir le CSE freagairt go héifeachtach do riachtanais faisnéise nua an Aontais agus nuálaíocht staidrimh a spreagadh. Ní mór go mbeadh an t-aschur staidrimh ábhartha i gcónaí i bhfianaise athruithe déimeagrafacha, imirce, sóisialta agus eacnamaíocha ar an tsochaí.
- (18) Ba cheart an staidreamh feabhsaithe rialta (bliantúil agus fobhliantúil) maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a bhunaítear ar fhoinsí riaracháin a chomhlánú le faisnéis ó dhaonáirimh chomhordaithe agus ó áirimh chomhordaithe thithíochta san Aontas a dhéantar gach deich mbliana i gcomhréir le Prionsabail agus Moltaí na Náisiún Aontaithe. Chomh tábhachtach céanna, le daonáirimh daonra agus áirimh thithíochta tugtar deis uathúil go mbeidh staidreamh oifigiúil le feiceáil, ó thaobh oibríochtaí agus torthaí de.
- (19) Ba cheart go n-éireodh áirimh an Aontais níos cost-éifeachtúla trí leas iomlán a bhaint as an tsraith fhluirseach sonraí riaracháin atá ar fáil ar fud na mBallstát nó trí theaghlaim d'fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear foinsí a bhaineann le hIdirlíon na nEarraí (IoT) agus soláthar seirbhísí digiteacha. Ba cheart iad a úsáid freisin chun an bhunlíne dhéimeagrafach a athbhunú agus chun suirbhéanna ar chumhdach na bhfoinsí sonraí riaracháin a chur san áireamh.
- (20) Ba cheart rochtain inbhuanaithe a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar an réimse is leithne is féidir d'fhoinsí sonraí chun staidreamh Eorpach ardchaighdeán agus cost-éifeachtúil maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a sholáthar. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh údarais staidrimh náisiúnta rochtain in am agus i dtráth ar na sonraí riaracháin atá faoi úinéireacht na riarachán poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus go mbeidh siad ábalta iad a úsáid go pras, i gcomhréir le hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Mar shampla, féadfar staidreamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a bhunú ar shonraí riaracháin a bhaineann le heisiúint deimhnithe fuinnimh foirgneamh faoi Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹. Ní mór do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta a bheith páirteach freisin i gcinntí i ndáil le dearadh agus athfhorbairt foinsí sonraí riaracháin ábhartha chun a áirithiú gur féidir iad a athúsáid tuilleadh chun staidreamh oifigiúil a thiomsú.
- (21) Le blianta beaga anuas, forbraíodh bunachair shonraí chuimsitheacha agus córais idir-inoibritheachta ar leibhéal an Aontais a bhaineann le cónaí, teagmhais bheatha, saoránacht agus gluaiseachtaí imirceacha agus trasteorann an daonra amhail na cinn a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 910/2014³², Rialachán (AE) 2018/1724³³, Rialachán (AE) 2019/817³⁴ agus Rialachán (AE) 2019/818³⁵ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

³¹ Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L 153, 18.6.2010, lch. 13).

³² Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

³³ Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear pointe rochtana aonair digiteach chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

³⁴ Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na viosaí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE)

gComhairle. Soláthraítear faisnéis luachmhar iontu is féidir a athúsáid le haghaidh tiomsú agus dearbhú cáilíochta an staidrimh Eorpaigh maidir leis daonra agus maidir le tithíocht a thiomsú agus a dhearbhu.

- (22) Chuige sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfí ar chumas an Choimisiúin (Eurostat) na sonraí sin a athúsáid chun críocha staidrimh agus chun na gcríoch sin amháin agus rialacha maidir le cosaint sonraí agus príobháideacht sonraí á bhfeidhmiú go docht aige, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁶. Ba cheart go mbeadh sé sin i bhfeidhm go háirithe maidir leis na sonraí staidrimh a stóráiltear sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) i gcomhréir le cuspóir CRRS a leagtar amach in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2019/817 agus in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2019/818 agus i gcomhréir leis na Rialacháin lena mbunaítear na córais a bhfuil a sonraí staidrimh stóráilte sa CRRS. Go sonrach, ós rud é go bhfuil CRRS chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailiseach a sholáthar chun críocha beartais, oibriúcháin agus cáilíochta sonraí, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) comhoibriú le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), a mhéid is féidir, d'fhonn an staidreamh Eorpach is gá a sholáthar.
- (23) Le sonraí a choinnítear go príobháideach, féadfar feabhas a chur ar chumhdach, ar thráthúlacht agus ar chumais freagartha i gcás géarchéimeanna an staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus le tithíocht nó féadfar nuálaíocht staidrimh a chumasú. Tá an acmhainn le sonraí den sórt sin staidreamh déimeagrafaíochta agus imirce atá ann cheana a chomhlánú, nuálaíocht staidrimh a sholáthar agus fiú iad a úsáid chun luath-mheastacháin a sholáthar. Ba cheart go mbeadh rochtain ag na hinstiúidí staidrimh náisiúnta agus ag údarais náisiúnta inniúla eile agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar shonraí den sórt sin agus go mbeadh siad ábalta iad a úsáid.
- (24) Chun inchomparáideacht an Staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht ar leibhéal an Aontais a áirithiú, tá sé bunriachtanach go n-úsáidfear sainmhínte comhchoiteanna daonra agus go gcuirfear chun feidhme ar bhealach comhchuibhithe iad. Chun an bonn daonra comhchuibhithe aonair a chur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach, láidir agus cost-éifeachtúil agus torthaí tráthúla á n-áirithiú, ní mór modhanna staidrimh agus teicnící samhaltaithe amhail 'comharthaí beatha' agus 'ráta fanachta' a chur i bhfeidhm.
- (25) Ba cheart do na Ballstáit a gcuid sonraí agus meiteashonraí a sholáthar i bhfoirm leictreonach i bhformáid theicniúil iomchuí a sholáthróidh an Coimisiún. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta, amhail an tionscnamh le haghaidh Sonraí Staidrimh agus Malartú Meiteashonraí (SDMX), agus caighdeáin staidrimh nó theicniúla arna bhforbairt laistigh den Aontas, amhail caighdeáin maidir le meiteashonraí agus bailíochtú nó prionsabail an Chreata Eorpaigh Idir-inoibrithe, a úsáid a mhéid is

2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CE ón gComhairle, (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27).

³⁵ Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

³⁶ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

ábhartha le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht. D'fhormhuinigh CCSE caighdeán CSE le haghaidh meiteashonraí agus tuarascálacha cáilíochta, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Cuirfidh na caighdeáin sin le comhchuibhiú an dearbhaithe cáilíochta agus an tuairiscithe cáilíochta faoin Rialachán seo agus ba cheart iad a thabhairt isteach dá bhrí sin.

- (26) Ba cheart don staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht na critéir cháilíochta a chomhlíonadh maidir le hábharthacht, cruinneas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléire, inchomparáideacht agus comhleanúnachas a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Ba cheart a gcáilíocht a fheabhsú de réir mar a fhorbróidh riachtanais an Aontais. Ba cheart torthaí iomchuí ón measúnú cáilíochta arna dhéanamh ag an gCoimisiún (Eurostat) a bheith ar fáil go poiblí d'úsáideoirí staidrimh. Ba cheart rochtain éasca saor in aisce a bheith ar an staidreamh sin trí bhunachair shonraí an Choimisiúin (Eurostat) ar a shuíomhanna gréasáin agus ina chuid foilseachán.
- (27) Cuimsítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 rialacha maidir le soláthar sonraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) agus maidir le húsáid na sonraí sin, lena n-áirítear maidir le tarchur agus cosaint sonraí rúnda. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na bearta arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán sin go ndéanfar sonraí rúnda a sholáthar agus a úsáid chun críocha staidrimh agus chun na gcríoch sin amháin i gcomhréir le hAirteagal 21 agus le hAirteagal 22 den Rialachán sin.
- (28) Urramóidh an Coimisiún (Eurostat) rúndacht staidrimh na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit de bhun Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Maidir le staidreamh daonra a bhailítear faoin Rialachán seo, ba cheart cur chuige comhchuibhithe a fhorbairt maidir le hardchaighdeán na gcomhiomlán Eorpach a áirithiú agus nochtadh sonraí rúnda in aschuir staidrimh a sheachaint, agus, a mhéid is féidir, cur faoi chois sonraí a sheachaint.
- (29) Maidir le feiniméin a bhaineann le saorghluaiseacht daoine san Aontas, rochtain daoine ar sheirbhísí trasteorann maidir le teagmhais bheatha dhéimeagrafacha agus feidhmiú ceart daoine chun maoin tithíochta a cheannach agus a bheith acu, ar maoin í a úsáidtear mar phríomhchóiríocht, mar chóiríocht saoire agus mar chóiríocht thánaisteach ar fud an Aontais, ní bhítear ábalta iad a ghabháil go beacht i gcónaí le foinsí sonraí atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta. Tá neamhshiméadrachtaí ann freisin maidir le sreafaí imirce déthaobhacha agus deacrachtaí grúpaí daonra a thomhas, mar shampla, i measc an daonra imirceach, daoine gan dídean nó daoine gan stát. Dá bhrí sin, chun críocha staidreamh daonra agus imirce a thiomsú agus cáilíocht na sonraí sin a áirithiú, ba cheart comhroinnt sonraí a threisiú agus a mheas mar fhoinsé sonraí eile fós. Féadfaidh comhroinnt neartaithe sonraí dá leithéid réimse leathan sonraí ábhartha a chumhdach, idir sonraí ar léir nach féidir aonaid staidrimh a shainaithint leo, go díreach nó go hindíreach, agus sonraí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ceanglais rúndachta staidrimh. Ba cheart do na Ballstáit, ar mhaithe leo féin agus le leas na mBallstát eile, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhroinnte sonraí, lena n-áirítear i dtreoirthionscadail ina ndéantar measúnú ar réitigh shlána nuálacha. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) bonneagar slán a bhunú chun comhroinnt sonraí den sórt sin a éascú agus na cosaintí riachtanacha go léir a n-áirithiú.

- (30) Nuair bhaineann próiseáil sonraí pearsanta le comhroinnt sonraí de réir Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁷ nó Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, íoslaghdu sonraí, teorannú stórála agus sláine agus rúndacht a chur i bhfeidhm go hiomlán. Go sonrach, ba cheart sásraí comhroinnte sonraí bunaithe ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme a roghnú seachas tarchur díreach sonraí.
- (31) Níor cheart sonraí rúnda a chomhroinnt ach amháin ar bhonn iarratais lena dtugtar údar maith leis an ngá na sonraí sin a chomhroinnt i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.
- (32) San fhadtárma, ba cheart go mbainfeadh na hiarrachtaí comhoibríocha sa Chóras Staidrimh Eorpach chun saincheisteanna cáilíochta staidrimh trasteorann a mhaolú, amhail comhaireamh dúbailte chónaitheoirí an Aontais atá ag baint leas as an tsaoirse gluaiseachta, tairbhe a oiread is féidir as aitheantóirí aonair digiteacha arna mbunú ar leibhéal an Aontais le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
- (33) Ní dochar an Rialachán seo do Rialacháin (AE) 2016/679 ná (AE) 2018/1725 ná do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁸. Faoi chuimsiú a raoin feidhme faoi seach, beidh feidhm ag na Rialacháin deiridh sin maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.
- (34) Ba cheart staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíochta a fhorbairt chun aird a thabhairt ar riachtanais sonraí atá ag teacht chun cinn de bharr tosaíochtaí beartais atá ag athrú, chomh maith le hathruithe ar an staid dhéimeagrafach, imirce, shóisialta nó eacnamaíoch san Aontas. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) treoirstaidéir a dhéanamh ina ndéanfar measúnú ar a indéanta atá na hoiriúnuithe lena mbaineann de réir mar is iomchuí agus ba cheart dó gnéithe amhail costais agus ualái riaracháin ar na Ballstáit agus infhaighteacht foinsí iomchuí sonraí a chur san áireamh.
- (35) Chun treochtaí déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta chomh maith le forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta, tuairisc, tréimhsiúlachtaí agus amanna tagartha na dtopaicí mionsonraithe a chumhdaítear le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht a leasú; an tréimhsiúlacht agus na hamanna tagartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta agus an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit a shonrú ar bhonn *ad hoc*. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr³⁹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí

³⁷ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch.1).

³⁸ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonáil (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

³⁹ OJ L 123, 12.5.2016, lch. 1.

saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

- (36) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁰, agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95⁴¹, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96⁴², agus (AE) 2017/1939⁴³ ón gComhairle, tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí, calaois san áireamh, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 833/2013, tá sé de chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tá ar aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, i leith na mBallstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE agus chun a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéseacha.
- (37) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i ndáil le sonraíocht na gceanglas sonraí agus meiteashonraí, formáidí teicniúla agus nósanna imeachta maidir le soláthar sonraí agus meiteashonraí, ábhar agus struchtúr tuarascálacha cáilíochta, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁵.

⁴⁰ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO AE L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁴¹ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le cosaint ar leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

⁴² Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

⁴³ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

⁴⁴ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

⁴⁵ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13).

- (38) I gcás ina mbeadh gá, de bharr chur chun feidhme an Rialacháin seo, nó na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun, le mórathruithe ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit maidir le soláthar sonraí a bhfuil tréimhsiúlacht níos lú ná 10 mbliana ag baint leis, ba cheart go mbeadh an Coimisiún ábalta, i gcásanna cuí-réasúnaithe agus ar feadh tréimhse theoranta, maoluithe a dheonú do na Ballstáit lena mbaineann.
- (39) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht a sholáthar go córasach, a bhaint amach go leordhóthanach agus, ar chúiseanna comhsheasmhachta agus inchomparáideachta, gur fearr is féidir é a bhaint ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh chun an cuspóir sin a bhaint amach, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (40) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim maidir le [xxx].
- (41) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo creat coiteann dlí chun staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a fhorbairt, a chur ar fáil agus a scaipeadh.

Airteagal 2
Sainmhínthe

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínthe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘saoránacht’ an nasc dlí faoi leith idir duine nádúrtha agus a Stát, a rinneadh de bharr gur ann a rugadh é nó í, nó a rinneadh de bharr eadóirseachta, cé acu an eadóirseacht trí dhearbhú, de rogha, trí phósadh nó trí uchtú a bhí ann nó eadóirseacht trí mhodh ar bith eile de réir na reachtaíochta náisiúnta;
- (2) ciallaíonn 'gnátháit chónaithe' an áit a gcaitheann duine an tréimhse laethúil scíthe go hiondúil, is cuma an duine sin a bheith as láthair go sealadach chun críocha áineasa, saoire, cuairteanna ar chairde agus ar ghaolta, gnó, cóireáil leighis nó oilithreacht reiligiúnach. Ní mheasfar ach na daoine seo a leanas mar ghnáthchónaitheoirí i gceantar geografach sonrath:
- (a) iad siúd a raibh cónaí orthu ina ngnátháit chónaithe an chuid is mó den am sa 12 mhí roimh an dáta tagartha agus lena n-áirítear; nó
- (b) daoine a tháinig go dtí a ngnátháit chónaithe le linn an 12 mhí roimh an dáta tagartha, an dáta sin san áireamh, agus a bhfuil sé ar intinn acu, nó a bhfuil coinne acu leis, fanacht ann an chuid is mó den am go ceann 12 mhí ar a laghad i ndiaidh dóibh teacht;

- (3) ciallaíonn 'comharthaí beatha' aon fhaisnéis lena léirítear láithreach iarbhír agus gnáthchónaí iarbhír duine ar chríoch an leasa. Is féidir iad a fháil ó aon fhoinse chuí nó meascán díobh, lena n-áirítear rianta digiteacha a bhaineann leis an duine;
- (4) ciallaíonn 'ráta fanachta' an cion den líon daoine a tháinig go dtí an áit leasa le linn tréimhse ama roghnaithe agus a d'fhan san áit chéanna ar feadh 12 mhí ar a laghad le hais an lín iomláin daoine a tháinig go dtí an áit chéanna le linn na tréimhse ama céanna;
- (5) ciallaíonn 'imirce idirnáisiúnta' an teagmhas lena mbunaíonn duine a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe i gcríoch Ballstáit nó tríú tír, i gcás ina raibh gnáthchónaí air nó uirthi roimhe seo i mBallstát eile nó i dtríú tír;
- (6) ciallaíonn 'inimirceach' duine a chuaigh ar imirce idirnáisiúnta le linn na tréimhse tagartha chun a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe nua a bhunú laistigh den tír thuairiscithe;
- (7) ciallaíonn 'eisimirceach' duine a chuaigh ar imirce idirnáisiúnta le linn na tréimhse tagartha chun a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe nua a bhunú lasmuigh den tír thuairiscithe, i gcás ina raibh gnáthchónaí air nó uirthi roimhe seo sa tír thuairiscithe;
- (8) ciallaíonn 'imirce inmheánach' an teagmhas lena n-athraíonn duine a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe laistigh de chríoch na tíre tuairiscithe;
- (9) ciallaíonn 'ait chónaithe' déanamhas sealadach nó buan, foscadh nó áit lóistín ina gcónaíonn duine amháin nó níos mó, beag beann ar a bhfuil sé deartha nó ceaptha mar áit chónaithe don duine;
- (10) ciallaíonn 'teaghais thraidisiúnta' áitreabh ag suíomh seasta atá deartha mar áit chónaithe bhuan do dhaoine ach nach bhfuil ceaptha mar thithíocht institiúideach ná mar thithíocht chomhchoiteann;
- (11) ciallaíonn 'foirgneamh a bheartaítear chun cónaí ann' buandéanamhas ina gcuimsítear teaghais thraidisiúnta amháin nó níos mó nó a bheartaítear a úsáid mar thithíocht institiúideach nó mar thithíocht chomhchoiteann.
- (12) ciallaíonn 'líon tí' grúpa de dhá dhuine nó níos mó a roinneann áit chónaithe nó acmhainní sonracha eile; nó duine aonair nach cuid d'aon líon tí eile é nó í;
- (13) ciallaíonn 'teaghlach' grúpa de dhá dhuine nó níos mó a chónaíonn sa teach céanna agus atá gaolta nó trí thuismitheoireacht nó trí pháirtneireacht phósta, chláráithe nó aontais chomhthoiligh;
- (14) Ciallaíonn 'taifid riaracháin' sonraí arna nginiúint ag foinse nach foinse staidrimh í, coinneáil cláir ag comhlacht poiblí de ghnáth, agus nach é is príomhaidhm di staidreamh a chur ar fáil;
- (15) ciallaíonn 'fearann' tacar sonraí nó roinnt tacair shonraí a chumhdaíonn topaicí ar leith;
- (16) ciallaíonn 'topaic' inneachar na faisnéise atá le bailiú faoi na haonaid staidrimh, agus cumhdaítear roinnt topaicí mionsonraithe i ngach topaic;
- (17) ciallaíonn 'topaic mhionsonraithe' inneachar mionsonraithe na faisnéise atá le bailiú faoi na haonaid staidrimh a bhaineann le topaic, agus cumhdaítear athróg amháin roinnt athróg i ngach topaic mhionsonraithe;
- (18) ciallaíonn 'tacar sonraí' staidreamh i bhfoirm athróg amháin nó roinnt athróg a eagraítear i bhfoirm struchtúrtha;

- (19) ciallaíonn 'daonáireamh agus áireamh tithíochta' na tacair shonraí mhionsonraithe dheichbhliantúla agus na meiteashonraí a bheidh le soláthar faoin Rialachán seo;
- (20) ciallaíonn 'aonad staidrimh' ball amháin d'uilephobal eintiteas, eadhon daoine, rudaí nó teagmhais a mbailítear sonraí ina leith agus a dtiomsaítear staidreamh ar deireadh;
- (21) ciallaíonn 'athróg' airí aonaid staidrimh a bhféadfadh níos mó ná tacar luachanna amháin a bheith ag gabháil leis;
- (22) ciallaíonn 'miondealú' tacar luachanna réamhshainithe, scoite, uileghabhálach agus comheisiatach ar féidir iad a shannadh d'athróga arb iad aonaid staidrimh a sainghné;
- (23) ciallaíonn 'leibhéal náisiúnta' críoch Ballstáit;
- (24) ciallaíonn 'leibhéal réigiúnach' leibhéal NUTS3 mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003;
- (25) ciallaíonn 'leibhéal áitiúil' leibhéal an aonaid riaracháin áitiúil (LAU) mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003;
- (26) ciallaíonn 'leibhéal greille' greille staidrimh mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003;
- (27) ciallaíonn 'frámaí' aon liosta, ábhar nó feiste lena dteorannaítear agus lena sainaitnítear gnéithe an spriocphobail. Ag brath ar an úsáid, d'fhéadfadh fráma rochtain ar na gnéithe a éascú, agus/ nó tréithe breise na ngnéithe a sholáthar;
- (28) ciallaíonn 'dáta tagartha' an t-am dá dtagraíonn an staidreamh;
- (29) ciallaíonn 'tréimhse thagartha' an t-eatramh ama dá dtagraíonn an staidreamh maidir le teagmhais;
- (30) ciallaíonn 'am tagartha' dáta tagartha nó tréimhse thagartha, ag brath ar cé acu an mbaineann an staidreamh le teagmhais nó ar le haonaid staidrimh eile;
- (31) ciallaíonn 'meiteashonraí' an fhaisnéis is gá chun staidreamh a úsáid agus a léiriú agus a chuireann síos ar thacair shonraí ar bhealach struchtúrtha;
- (32) ciallaíonn 'tacair shonraí réamhsheiceáilte' tacair shonraí arna bhfíorú ag na Ballstáit, ar bhonn rialacha coiteanna maidir le bailíochtú;
- (33) ciallaíonn 'tuarascáil cháilíochta' tuarascáil ina gcuirtear faisnéis in iúl maidir le cáilíocht táirge staidrimh nó próisis staidrimh.

Airteagal 3
Bonn daonra

1. Chun críche an Rialacháin seo, is éard atá sa bhonn daonra na daoine go léir a bhfuil a ngnátháit chónaithe laistigh den Aontas in aonad críochach sonraithe de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, áitiúil nó greille, ar an dáta tagartha.
2. Cuimseofar sa bhonn daonra gach duine gnáthchónaitheach, gan beann ar an raibh nó nach raibh an duine gan stát roimhe sin, agus gan beann ar an bhfuil áit chónaithe nó fanacht an duine údaraithe nó ceadaithe ag na húdaráis ábhartha.
3. Fágfar amach as an mbonn daonra daoine a bhfuil a ngnáthchónaí lasmuigh de chríoch an Bhallstáit gan beann ar áit bhreithe nó ar shaoránacht, agus gan beann ar aon nasc teaghlaigh, sóisialta, eacnamaíoch nó maoinne a d'fhéadfadh a bheith ag an duine leis an mBallstát.

4. Sannfar ar dhaoine nach bhfuil aon ghnátháit chónaithe acu, mar ghnátháit chónaithe, an áit ag a raibh siad ar an dáta tagartha.
5. Cuirfidh na Ballstáit an sainmhíniú ar ghnátháit chónaithe a leagtar amach sa Rialachán seo i bhfeidhm maidir leis na tacair shonraí go léir a sholáthraítear don Choimisiún (Eurostat) faoin Rialachán seo agus don leibhéal náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus greille.
6. Agus an sainmhíniú ar ghnátháit chónaithe á chur i bhfeidhm, úsáidfidh na Ballstáit:
 - (a) ceann amháin de na foinsí sonraí a liostaítear in Airteagal 9(1) nó meascán díobh;
 - (b) modhanna meastacháin amhail 'comharthaí beatha' chun ceartúchán a dhéanamh le haghaidh láithreach iarbhir san áit ghnáthchónaithe mheasta le linn an chuid is mó den am sa 12 mhí dar críoch an dáta tagartha, agus 'ráta fanachta' chun meastachán a dhéanamh ar an líon daoine a bhfuil sé ar intinn acu fanacht, nó a bhfuiltear ag súil go bhfanfaidh siad, le linn an chuid is mó den am sa 12 mhí i ndiaidh dóibh teacht.

Airteagal 4
Aonaid staidrimh

Tiomsófar staidreamh faoin Rialachán seo maidir leis na haonaid staidrimh seo a leanas:

- (a) daoine;
- (b) teagmhais bheatha;
- (c) teaghlaigh;
- (d) líonta tí;
- (e) foirgnimh atá beartaithe chun cónaí iontu, áiteanna cónaí agus teaghaisí traidisiúnta.

Airteagal 5
Ceanglais staidrimh

1. Cumhdófar sa staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht na réimsí seo a leanas:
 - (a) déimeagrafaíocht;
 - (b) tithíocht;
 - (c) teaghlaigh agus líonta tí.
2. Déanfar an staidreamh sna réimsí a liostaítear i mír 1 a eagrú ina thacair shonraí de réir na dtopaicí agus na dtopaicí mionsonraithe a leagtar amach san Iarscríbhinn.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun liosta na dtopaicí mionsonraithe san Iarscríbhinn a leasú. Glacfar an gníomh tarmligthe 12 mhí ar a laghad roimh thús an ama tagartha ábhartha.
4. Agus an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun mhír 3 den Airteagal seo á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfear ualach suntasach díréireach ar na Ballstáit agus ar fhreagróirí suirbhéanna leis na gníomhartha sin. Déanfar aon ábhar mionsonraithe nua a mheasúnú i ndáil lena

indéantacht trí bhíthin treoirstaidéar arna ndéanamh ag an gCoimisiún (Eurostat) agus ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 14.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrúfar airíonna teicniúla na dtacar sonraí agus na meiteashonraí atá le soláthar don Choimisiún (Eurostat). Sonrófar sna gníomhartha cur chun feidhme sin na gnéithe teicniúla seo a leanas, i gcás inarb iomchuí:
 - (a) teidil athróg, a sonraíochtaí teicniúla agus miondealuithe;
 - (b) sonraíochtaí mionsonraithe na n-aonad staidrimh agus na meiteashonraí;
 - (c) aicmithe staidrimh a úsáidfear;
 - (d) spriocdhátaí soláthair;
 - (e) formáidí teicniúla um sholáthar tacar sonraí agus meiteashonraí;
 - (f) ábhar, struchtúr, tréimhsiúlacht, módúlachtaí agus spriocdhátaí soláthair na dtuarascálacha cáilíochta chomh maith le sonraíochtaí breise nuair is gá agus nuair atá údar maith leo.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2) 12 mhí ar a laghad roimh thús an ama thagartha ábhartha, ach amháin maidir leis an daonra agus leis an áireamh tithíochta ar ina leith a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme 24 mhí ar a laghad roimh thús na bliana a thitfidh an dáta tagartha.

Airteagal 6

Tréimhsiúlacht agus amanna tagartha

1. Soláthróidh na Ballstáit an staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht gach ráithe, gach sé mhí, gach bliain agus ar bhonn ilbhliantúil, agus i ndaonáireamh agus áireamh tithíochta deichbhliantúil.
2. Is iad na blianta dar críoch '1' a bheidh sna blianta tagartha don daonáireamh agus don áireamh tithíochta deichbhliantúil .
3. Is iad na blianta dar críoch '1', '5' agus '8' a bheidh sna blianta tagartha do staidreamh ilbhliantúil.
4. Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh tréimhsiúlacht agus am tagartha gach topaice mionsonraithe.
5. Is é an 31 Nollaig 2025 an chéad dáta tagartha a mbeidh staidreamh bliantúil ar an topaic 'stoic daonra' le soláthar ina leith. Is in 2026 a sholáthrófar an chéad am tagartha a mbeidh aon staidreamh eile ina leith faoin Rialachán seo.
6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Iarscríbhinn a leasú trí na tréimhsiúlachtaí agus na hamanna tagartha a thabhairt cothrom le dáta.

Airteagal 7

Ceanglais staidrimh ad hoc

1. Cuirfidh na Ballstáit tacair shonraí agus meiteashonraí *ad hoc* ar fáil don Choimisiún (Eurostat).

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 17 trí na tacair shonraí agus na meiteashonraí a bheidh le soláthar ag na Ballstáit ar bhonn *ad hoc* a shonrú, i gcás ina measfar gur gá staidreamh breise a bhailiú chun freastal ar riachtanais staidrimh bhreise faoin Rialachán seo.
3. Sonrófar an méid seo a leanas sna gníomhartha tarmligthe sin:
 - (a) na topaicí mionsonraithe atá le soláthar sna tacair shonraí *ad hoc* agus na cúiseanna leis na riachtanais bhreise staidrimh sin;
 - (b) na hamanna tagartha.
4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh ag tosú leis an mbliain tagartha 2027 agus dhá bhliain ar a laghad idir gach bailiúchán *ad hoc*.
5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun airíonna teicniúla na dtacar sonraí *ad hoc* agus na meiteashonraí dá dtagraítear i mír 2 a shonrú. Sonrófar sna gníomhartha cur chun feidhme sin na gnéithe teicniúla seo a leanas, i gcás inarb iomchuí:
 - (a) teidil athróg, a sonraíochtaí teicniúla agus miondealuithe;
 - (b) sonraíochtaí mionsonraithe na n-aonad staidrimh agus na meiteashonraí;
 - (c) aicmithe staidrimh a úsáidfear;
 - (d) spriocdhátaí soláthair.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin in Airteagal 18(2) tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh thosach an ama tagartha.

Airteagal 8

Tacair shonraí agus meiteashonraí atá le soláthar don Choimisiún

1. Soláthróidh na Ballstáit tacair shonraí agus meiteashonraí réamhsheiceáilte ag baint úsáid as formáid theicniúil arna sonrú ag an gCoimisiún (Eurostat). Úsáidfear seirbhísí an phointe iontrála aonair chun na tacair shonraí agus na meiteashonraí a sholáthar don Choimisiún (Eurostat).
2. Nuair a fhoilsíonn na Ballstáit staidreamh a cheanglaítear leis an Rialachán seo ar an leibhéal náisiúnta roimh na spriocdhátaí soláthair a shuítear i gcomhréir le hAirteagal 5(5) agus le hAirteagal 7(5), soláthróidh siad don Choimisiún (Eurostat) é mar a leanas:
 - (a) staidreamh maidir le tréimhsiúlacht ráithiúil agus sé mhí ar a dhéanaí faoi suas le lá oibre amháin i ndiaidh an fhoilsithe náisiúnta;
 - (b) staidreamh maidir le tréimhsiúlacht bhliantúil faoi suas le trí lá oibre ar a dhéanaí i ndiaidh an fhoilsithe náisiúnta;
 - (c) staidreamh maidir le tréimhsiúlacht ilbhliantúil agus dheichbhliantúil suas le seacht lá oibre ar a dhéanaí i ndiaidh an fhoilsithe náisiúnta.
3. Cuirfidh Ballstáit an méid seo a leanas ar fáil don Choimisiún (Eurostat):
 - (a) tacair shonraí athbhreithnithe agus meiteashonraí má dhéantar athbhreithniú i ndiaidh na tacair sonraí is gá faoin Rialachán seo a sholáthar i dtosach;

- (b) tacair shonraí athbhreithnithe agus meiteashonraí le haghaidh amsraitheanna ábhartha má dhéantar athbhreithniú ar thacair shonraí a cuireadh ar fáil don Choimisiún (Eurostat) roimh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Soláthrófar na tacair shonraí athbhreithnithe agus na meiteashonraí laistigh de na spriodhataí a shonraítear i mír 2 den Airteagal seo agus comhlánófar iad le tuairisciú cáilíochta i gcomhréir le hAirteagal 12.

Airteagal 9

Foinsí sonraí agus modhanna

1. Úsáidfidh na Ballstáit agus an Coimisiún (Eurostat) ceann amháin nó na foinsí sonraí seo a leanas nó meascán díobh, ar choinníoll go n-éascófar leo staidreamh a sholáthar a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 12:
 - (a) foinsí sonraí riaracháin;
 - (b) suirbhéanna staidrimh nó bailiúcháin eile de shonraí staidrimh;
 - (c) foinsí eile lena n-áirítear sonraí choinnítear ar bhonn príobháideach;
 - (d) athúsáid sonraí a fhaightear ó chomhroinnt sonraí idir na húdaráis náisiúnta staidrimh agus an Coimisiún (Eurostat) laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach.
2. Déanfaidh na Ballstáit measúnú agus faireachán ar cháilíocht a bhfoinsí sonraí, lena n-áirítear taifid riaracháin agus foinsí iomchuí eile a úsáidtear.
3. Déanfaidh na Ballstáit forbairt leanúnach ar fhoinsí agus ar mhodhanna nuálacha agus úsáidfidh siad iad chun feabhas a chur ar an staidreamh arna thiomsú faoin Rialachán seo ar choinníoll go mbeidh siad ábalta staidreamh a sholáthar a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 12.
4. Beidh an staidreamh a thiomsófar faoin Rialachán seo bunaithe ar mhodhanna a bheidh fóna ó thaobh staidrimh de agus a bheidh dea- dhoiciméadaithe agus moltaí idirnáisiúnta agus dea-chleachtas á gcur san áireamh amhail 'comharthaí beatha', 'ráta fanachta' agus modhanna eile meastacháin staidrimh eolaíocht bhunaithe agus a úsáidfead chun an daonra gnáthchónaitheach sna Ballstáit a thiomsú.
5. Nuair a iarrtar sin chun críocha measúnaithe ar cháilíocht staidrimh, cuirfidh na Ballstáit torthaí measúnaithe na bhfoinsí sonraí, doiciméadacht na modhanna agus na soiléirithe is gá ar fáil don Choimisiún (Eurostat).

Airteagal 10

Sonraí riaracháin a rochtain agus a athúsáid go tráthúil

1. Ceadóidh na húdaráis náisiúnta atá i gceannas ar fhoinsí sonraí riaracháin atá ábhartha chun críocha an Rialacháin seo athúsáid a bhaint as na sonraí sin in go leor ama agus minic go leor chun staidreamh a sholáthar agus a chur isteach laistigh de na spriodhataí agus i gcomhréir leis na ceanglais shonracha cháilíochta de réir an Rialacháin seo. Áireofar rochtain thráthúil ar thaifid riaracháin, mar aon lena módúlachtaí oibríochtúla, i gcomhaontuithe comhair atá le bunú idir na húdaráis náisiúnta sin agus na húdaráis staidrimh náisiúnta.
2. Chun críche an Rialacháin seo, ceadófar don Choimisiún (Eurostat), arna iarraidh sin, rochtain agus athúsáid thráthúil a fháil ar shonraí ábhartha agus ar mheiteashonraí ábhartha ó bhunachair sonraí agus ó chórais idir-inoibritheachta arna gcoimeád ag comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear

faoi Rialacháin (AE) Uimh. 910/2014, (AE) 2018/1724 agus ar shonraí staidrimh arna stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS), i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 agus na Rialacháin lena mbunaítear na córais a stóráiltear a gcuid sonraí staidrimh in CRRS. Chuige sin, comhoibreoidh an Coimisiún (Eurostat) tuilleadh leis na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais d'fhonn na sonraí staidrimh agus meiteashonraí saincheaptha is gá a shonrú, i gcás inar féidir faoi dhlí an Aontais, maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht, leis na módúlachtaí oibriúcháin maidir lena soláthar agus leis na cosaintí riachtanacha fisiceacha agus loighciúla a ghabhann leo.

Airteagal 11

Liostaí na dtíortha agus na críoch

1. I gcás ina gcuimsítear faisnéis de réir tíortha nó críoch i dtacar sonraí, úsáidfidh na Ballstáit miondealuithe sonracha chun críocha an Rialacháin seo agus Rialachán (CE) Uimh. 862/2007.
2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrú nó lena nuashonrú liostaí na dtíortha agus na n-aonad críochach a mbeidh feidhm acu maidir le miondealuithe staidrimh arna dtiomsú faoin Rialachán seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2) den Rialachán seo. Sonrófar na liostaí sin i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003.
3. Beidh feidhm ag gníomhartha cur chun feidhme lena leasaítear níos mó ná aon trian de na catagóirí miondealuithe tíortha nó críoch 12 mhí ar a luaithe i ndiaidh a dteacht i bhfeidhm.

Airteagal 12

Ceanglais maidir le cáilíocht agus tuarascáil cháilíochta

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí arna soláthar a áirithiú.
2. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí agus éifeachtacha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) na rialacha a bhaineann leis an mbonn daonra mar a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán seo, a chur chun feidhme go haonfhoirmeach agus go neamhspleách ar na foinsí sonraí arna n-úsáid;
 - (b) grúpaí daonra a bhfuil sé deacair teacht orthu a ghabháil nó a mheas;
 - (c) uileghabhálacht agus cruinneas an daonra a chumhdaítear i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo a rialú;
 - (d) frámaí a bhunú atá oiriúnach chun críocha an Rialacháin seo agus Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/1700;
 - (e) a sheachaint go ndéanfaí tearcáireamh nó áireamh dúbailte ar rioscaí a féideartha a bhaineann le saorghluaiseacht daoine san Aontas, rochtain daoine ar sheirbhísí trasteorann atá nasctha le teagmhais bheatha agus cearta an duine chun maoin tithíochta trasteorann a cheannach, a bheith acu agus a úsáid ar fud an Aontais;

- (f) neamhshiméadrachtaí sreafaí imirce a laghdú;
 - (g) na sonraí uile a bhfuil gá leo a sholáthar don Choimisiún (Eurostat) chun iomláine an Staidrimh Eorpaigh atá foilsithe a áirithiú.
3. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat), den chéad uair faoin 31 Márta 2027 agus gach bliain ina dhiaidh sin dar críoch ‘0’, ‘3’ nó ‘7’, tuarascáil cháilíochta ina dtabharfar tuairisc ar cháilíocht an staidrimh arna soláthar agus ar na próisis staidrimh maidir leis na tacair shonraí arna soláthar le linn na tréimhse, lena n-áirítear, go háirithe, na foinsí sonraí agus na modhanna a úsáideadh, cur i bhfeidhm na gcoincheap agus na sainmhínte agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu ar cháilíocht na bhfoinsí sonraí a roghnaíodh, athbhreithnithe ar shonraí agus na cúiseanna agus na tionchair maidir leo, na modhanna rialaithe maidir le nochtadh staidrimh, agus ina sonrúfar conas a comhlíonadh na critéir cháilíochta dá dtagraítear i mír 2 agus dá mbeadh na bearta dá dtagraítear i mír 3 éifeachtach.
 4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar amach na socruithe praiticiúla le haghaidh na tuarascálacha cáilíochta agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).
 5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas a luaite is féidir faoi aon fhaisnéis ábhartha nó aon athrú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo a mbeadh tionchar aige ar cháilíocht na sonraí arna soláthar.
 6. Arna iarraidh sin don Choimisiún (Eurostat), cuirfidh na Ballstáit soiléiriú breise riachtanach ar fáil chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an staidrimh.

Airteagal 13
Comhroinnt sonraí

1. Roinnfear na sonraí idir údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát éagsúil, agus idir na húdaráis náisiúnta inniúla sin agus an Coimisiún (Eurostat), chun críche Staidreamh Eorpach a rialaítear leis an Rialachán seo a fhorbairt agus a sholáthar agus chun a gcáilíocht a fheabhsú, agus chun na críche sin amháin.
2. Ar mhaithe le comhroinnt shlán sonraí laistigh den CSE, déanfar na cosaintí uile is gá maidir le cosaint fhisiceach agus loighciúil sonraí. Bunóidh an Coimisiún (Eurostat) bonneagar slán chun comhroinnt sonraí dá dtagraítear i mír 1 a éascú. Féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta le haghaidh staidrimh faoin Rialachán seo an bonneagar slán um chomhroinnt sonraí sin a úsáid chun na críche a shonraítear i mír 1.
3. Nuair is sonraí rúnda de réir bhrí Airteagal 3, pointe 7, de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 nó sonraí pearsanta de réir Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 iad na sonraí lena mbaineann, ceadófar na sonraí sin a chomhroinnt agus féadfar é sin a dhéanamh ar bhonn deonach ar choinníoll:
 - (a) go mbeidh sí bunaithe ar iarratas lena dtugtar údar maith leis an ngá na sonraí a chomhroinnt i ngach cás ar leith, go háirithe maidir leis na saincheisteanna cáilíochta ar cheart aghaidh a thabhairt orthu go sonrach;
 - (b) go mbeidh sí bunaithe, más féidir, ar theicneolaíochtaí cosanta príobháideachais atá deartha go sonrach chun prionsabail Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 a chur chun feidhme, go háirithe maidir le

teorannú de réir cuspóra, íoslagh dú sonraí, teorannú stórála, sláine agus rúndacht;

(c) gan dochar do Chaibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

4. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) agus na Ballstáit, trí threoirstaidéir, tástáil agus measúnú ar oiriúnacht na dteicneolaíochtaí cosanta príobháideachais ábhartha chun sonraí a chomhroinnt.
5. I gcás ina sainaitheofar sna treoirstaidéir faoi mhír 4 den Airteagal seo réitigh éifeachtacha agus shlána maidir le comhroinnt sonraí chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le comhroinnt sonraí agus bearta maidir le rúndacht agus slándáil faisnéise. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18(2).

Airteagal 14

Staidéir phiolótacha agus staidéir féidearthachta

1. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat), i gcás inar gá agus inarb iomchuí chun críocha an Rialacháin seo, treoirstaidéir agus staidéir féidearthachta a sheoladh ina bhféachfar leis an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) measúnú a dhéanamh ar an bhfáil atá ar fhoinsí sonraí agus ar a gcáilíocht, lena n-áirítear sonraí a choinnítear ar bhonn poiblí agus ar bhonn príobháideach sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais;
 - (b) forbairt agus measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé topaicí nua, topaicí mionsonraithe, aonaid staidrimh, athróa agus a miondealuithe a chur i bhfeidhm;
 - (c) modheolaíochtaí agus teicnící staidrimh nua a fhorbairt chun cáilíocht a threisiú;
 - (d) neamhshiméadrachtaí na sreafaí imirce a laghdú;
 - (e) tástáil agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na dteicneolaíochtaí cosanta príobháideachais ábhartha le haghaidh comhroinnt shlán sonraí laistigh den CSE i gcomhréir le hAirteagal 13(4);
2. Féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach sna staidéir sin ach áiritheoidh siad, i gcomhar leis an gCoimisiún (Eurostat), go mbeidh na staidéir sin ionadaíoch ar leibhéal an Aontais.
3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastóireacht ar thorthaí na staidéar sin i gcomhar leis na Ballstáit. Ullmhóidh an Coimisiún (Eurostat) i gcomhar leis na Ballstáit tuarascálacha ar thorthaí na staidéar sin.

Airteagal 15

Maoiniú

1. Féadfar ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ó bhuiséad ginearálta an Aontais do na hinstiúidí náisiúnta staidrimh agus do na húdaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 le haghaidh:

- (a) foinsí sonraí nua nó feabhsaithe, modheolaíochtaí, comhroinnt sonraí, aonaid staidrimh, topaicí, topaicí mionsonraithe, athróga agus a miondealuithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
 - (b) rannpháirtíocht na mBallstát i staidéir phiólótacha agus staidéir féidearthachta ionadaíocha dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo.
2. Ní rachaidh an ranníocaíocht airgeadais sin ón Aontas thar 90 % de na costais incháilithe.

Airteagal 16

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach sna gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoin Rialachán seo trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh de bhun comhaontú idirnáisiúnta nó ar bhonn aon ionstraim dlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus don OIPE chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áiritheofar sna cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

Airteagal 17

An tarmligean a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.
2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(3), in Airteagal 6(6) agus in Airteagal 7(2) don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3), Airteagal 6(6) agus in Airteagal 7(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun tarmligean a chúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 5(3), Airteagal 6(6) agus Airteagal 7(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin, nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus

ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 18
Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) 223/2009, cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 19
Maoluithe

1. I gcás ina gceanglaítear, le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, nó leis na gníomhartha tarmlichte nó na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun, go ndéanfar mór-oiriúnuithe ar chóras staidrimh náisiúnta Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún maoluithe a dheonú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, do Bhallstát ar feadh dhá bhliain ar a mhéad.
2. Agus na maoluithe á ndeonú aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh inchomparáideacht staidreamh na mBallstát agus ríomh tráthúil na gcomhiomlán Eorpach ionadaíoch iontaofa is gá. Agus na maoluithe á ndeonú aige, áiritheoidh an Coimisiún freisin go leanfar gan bhriseadh leis na ceanglais maidir le staidreamh, meiteashonraí agus cáilíocht a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus a cumhdaíodh roimhe sin le Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 nó le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007.
3. Cuirfidh an Ballstát iarratas ar dheonú a mbeidh údar cuí leis faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de dhá mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh atá i gceist.
4. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in 18(2).

Airteagal 20
Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 862/2007

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil: 'Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le nósanna imeachta tearmainn agus riaracháin agus breithiúnacha a bhaineann le reachtaíocht inimirce agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú';
- (2) In Airteagal 1, scriostar pointí (a) agus (b);
- (3) in Airteagal 2(1), scriostar pointí (a), (b), (c), (f) agus (g);
- (4) Scriostar Airteagal 3;
- (5) cuirtear Airteagal 9c seo a leanas isteach:

'Airteagal 9c

Sonraí riaracháin a rochtain agus a athúsáid go tráthúil

1. Ceadóidh na húdaráis náisiúnta atá i gceannas ar fhoinsí sonraí riaracháin atá ábhartha chun críocha an Rialacháin seo athúsáid a bhaint as na sonraí sin in go leor ama agus minic go leor chun staidreamh a sholáthar agus a chur isteach laistigh de na spriocdhátaí agus i gcomhréir leis na ceanglais shonracha cháilíochta de réir an Rialacháin seo. Áireofar rochtain thráthúil ar thaifid riaracháin, mar aon lena módúlachtaí oibríochtúla, i gcomhaontuithe comhair atá le bunú idir na húdaráis náisiúnta sin agus na húdaráis staidrimh náisiúnta.
2. Chun críche an Rialacháin seo, ceadófar don Choimisiún (Eurostat), arna iarraidh sin, rochtain agus athúsáid thráthúil a fháil ar shonraí ábhartha agus ar mheiteashonraí ábhartha ó bhunachair sonraí agus ó chórais idir-inoibritheachta arna gcoimeád ag comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear faoi Rialacháin (AE) Uimh. 910/2014, (AE) 2018/1724 agus ar shonraí staidrimh arna stóráil sa lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS), i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 agus na Rialacháin lena mbunaítear na córais a stóráiltear a gcuid sonraí staidrimh in CRRS. Chuige sin, comhoibreoidh an Coimisiún (Eurostat) tuilleadh leis na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais d'fhonn na sonraí staidrimh agus meiteashonraí saincheaptha is gá a shonrú, i gcás inar féidir faoi dhlí an Aontais, maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus le tithíocht, leis na módúlachtaí oibríocháin maidir lena soláthar agus leis na cosaintí riachtanacha fisiceacha agus loighciúla a ghabhann leo.'

(6) cuirtear isteach an tAirteagal 10a seo a leanas:

'Airteagal 10a

Liostaí na dtíortha agus na gcríoch

Liosta na dtíortha agus na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 11 de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt cheart don Rialachán seo] chun staidreamh a thiomsú faoin Rialachán seo chun inchomparáideacht sonraí a bhaineann go sonrach le tír agus críocha ar fud an Staidrimh Eorpaigh a áirithiú. Cuirfidh na Ballstáit na liostaí sin i bhfeidhm den chéad uair chun staidreamh atá dlite faoin Rialachán seo a thiomsú ag tosú le tarchur sonraí don bhliain tagartha 2026.'

Airteagal 21

Aisghairm

Déantar Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2026 gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar amach sna gníomhartha dlíthiúla sin maidir le tréimhsí tagartha a thitfidh, go hiomlán nó go páirteach, roimh an dáta sin.

Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 22

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuiltear ag súil leo

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglas/ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

1.7. Modh(anna) bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistiúcháin, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal nó ceanteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne nó na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t- aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranniocaíochtaí ó thrú páirtithe

3.3. An tionchar measta ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann

3403 – Soláthar faisnéise staidrimh

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

beart nua

beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁴⁶

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is é an cuspóir ginearálta leis an togra seo freagairt níos fearr a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí agus ábharthacht, comhchuibheas agus comhleanúnachas an staidrimh Eorpaigh daonra a nuachóiriú agus a fheabhsú.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Tá an cuspóir ginearálta roinnte ina cheithre chuspóirí shonracha:

1) staidreamh Eorpach iomlán, comhleanúnach agus inchomparáide maidir leis an daonra agus le tithíocht a áirithiú;

2) staidreamh tráthúil agus rialta a áirithiú chun freastal ar riachtanais úsáideoirí;

3) staidreamh a sholáthar atá sách cuimsitheach ó thaobh topaicí ábhartha de agus atá sách mionsonraithe ó thaobh saintréithe agus miondealuithe de;

4) creataí dlíthiúla agus bailithe sonraí a chur chun cinn atá solúbtha go leor chun tacair shonraí a chur in oiriúint do riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus do dheiseanna atá ag teacht chun cinn ó fhoinsí nua.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuiltear ag súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Is iad seo a leanas na torthaí a bhfuiltear ag súil leo:

- comhchuibhiú agus inchomparáideacht feabhsaithe an staidrimh Eorpaigh maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a bhuí le bonn daonra aonair a úsáid agus leis na forbairtí i mbonneagair staidrimh;

- próisis staidrimh chomhtháite agus dúbláil agus iomarcaíocht a sheachaint;

⁴⁶ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

- aschuir staidrimh fheabhsaithe i gcomhthéacs athróga staidrimh, miondealú agus - mionsonraí críochacha i gcomhréir leis na riachtanais bheartais agus shochaíocha reatha agus cinn atá ag teacht chun cinn;
- staidreamh níos tráthúla agus níos minice;
- solúbthacht an chreata dhlíthiúil i leith riachtanas nua sonraí.

Comhlíonann an togra cuspóirí an chláir REFIT maidir le simpliú, go háirithe sa mhéid go ndéantar sé trí rialachán a chuíchóiriú in aon chreat rialála amháin leis. Ní ghintear 'glanioncam' do ghnólachtaí a bheadh ábhartha faoin bprionsabal 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' trí chomhroinnt sonraí idir gnólachtaí agus rialtais chun críocha staidreamh daonra Eorpach a éascú.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Déanfar faireachán agus meastóireacht ar fheidhmíocht an chreata dhlíthiúil nua maidir le staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht i gcoinne na gcuspóirí sonracha.

Le linn chéim chur chun feidhme an chreata dlí nua, leanfaidh an Coimisiún (Eurostat) le cruinnithe rialta grúpaí saineolaithe a eagrú le NSIanna comhpháirtíochta sa CSE chun aon saincheistanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a phlé agus a shoiléiriú, ag leanúint le stair fhada dea-chomhoibrithe agus dlúth-chomhoibrithe idir Eurostat agus a chomhpháirtithe CSE maidir le hábhair theicniúla agus staidrimh. Áirítear leis sin comh-ullmhú dícheallach príomhghníomhartha cur chun feidhme lena rialáiltear an ceanglas mionsonraithe nua maidir le sonraí agus meiteashonraí staidrimh, rud a bheidh ina ábhar spéise lárnach d'úsáideoirí staidrimh agus do tháirgeoirí staidrimh araon. Tá sé beartaithe céim an chur chun feidhme a thabhairt chun críche agus díreofar an chéad mheastóireacht ar chur chun feidhme, ar fheidhmiú agus ar thionchair tosaigh an chreata dlí nua. Chun dóthain faisnéise a fháil faoin bhfeidhmíocht, tá sé beartaithe an mheastóireacht sin a dhéanamh laistigh de thrí bliana go cúig bliana i ndiaidh theacht i bhfeidhm an chreata dlí nua.

I ndiaidh aistriú chuig céim an iarratais, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún (Eurostat) meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar thionchar na reachtaíochta gach cúig bliana go seacht mbliana.

Tá liosta de na príomhtháscairí feidhmíochta féideartha ar fáil i dTábla 11 den tuarascáil mheasúnaithe Tionchair (SWD(2023)11).

Cuireann an Coimisiún (Eurostat) treoirínte comhchoiteanna maidir leis an staidreamh Eorpach ar fáil agus socraíonn sé ceanglais i leith tuairisciú cáilíochta maidir le staidreamh a fhorbairt, a sholáthar agus a scaipeadh. Ní mór seiceálacha sonracha atá ábhartha don bhailiú sonraí sin a chur sna tuarascálacha cáilíochta a cheanglaítear ar na Ballstáit a sholáthar. Áiritheofar leis sin cáilíocht na sonraí agus meiteashonraí staidrimh.

1.5. Forais an togra nó an tionscnaimh

1.5.1. *An ceanglas nó na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is é an rialachán atá beartaithe creat nua a chruthú chun staidreamh a sholáthar maidir leis an daonra, déimeagrafaíocht lena n-áirítear imirce, teaghlaigh, líonta tí agus tithíocht ar bhealach comhtháite. Déanfar na bailiúcháin sonraí reatha faoi seach leis na Ballstáit a chomhchuihbhiú, a chuíchóiriú, a luathú agus a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bheartais ar bhealach níos fearr. Is in 2026 atá na chéad amanna tagartha beartaithe do bhailiúcháin sonraí faoin gcreat nua.

Chun an creat nua seo a chur ar bun agus a chur chun feidhme mar atá beartaithe, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an rialachán nua a ghlacadh in 2023, lenar féidir na gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na chéad bhailiúcháin sonraí a ghlacadh faoi dheireadh 2023 freisin, i.e. 12 mhí ar a laghad roimh thús na gcéad amanna tagartha.

Tosóidh bailiúcháin sonraí agus meiteashonraí an staidrimh bhliantúil agus fhobhliantúil in 2026, agus is in 2031 a bheidh an chéad am tagartha do bhailiú sonraí deichbhliantúil cosúil le háireamh.

Ar deireadh, cuirfear oibleagáid leis an togra ar an gCoimisiún (Eurostat) agus ar na Ballstáit treoirstaidéir a dhéanamh de réir mar is gá agus beidh siad comhréireach chun an staidreamh faoin rialachán a nuachóiriú tuilleadh (lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar fhoinní sonraí nua atá á gcoinneáil go príobháideach agus ar thopaicí staidrimh, modheolaíochtaí agus teicnící nua a fhorbairt lena n-áirítear teicneolaíochtaí cosanta príobháideachais chun le haghaidh comhroinnt shlán sonraí).

1.5.2. *Breislúach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breislúach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breislúach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Tá fíorscóp uile-Aontais leis na fadhbanna a sainaitníodh sa mheastóireacht a bhaineann go soiléir le bearnaí i reachtaíocht reatha an Aontais. Gan aon gníomh reachtach eile ón Aontas, mairfidh na fadhbanna sin nó rachaidh siad dul in olcas. Is dócha nach mbeidh reachtaíocht reatha an Aontais chomh héifeachtach ná chomh héifeachtúil céanna maidir lena cuspóirí a bhaint amach toisc go bhfuil nuachóiriú á dhéanamh ag a lán Ballstát fós ar bhonn náisiúnta trí chlár um thiomsú staidrimh daonra a bhunú agus go bhfuil leas á bhaint as foinsí sonraí nua. Is dócha go dtiocfaidh tuilleadh laghdaithe ar an ábharthacht freisin, toisc go bhfuiltear ag súil go n-éagsúlóidh an staidreamh ar leibhéal an Aontais agus tuilleadh le riachtanais na n-úsáideoirí i gcomhthéacs ábhair, minicíocht inmhianaithe nó tráthúlacht inmhianaithe. Gan gníomh reachtach de chuid an Aontais, beidh tuilleadh difríochtaí idir na cuir chuige náisiúnta, rud a mbeidh staidreamh nach mbeidh chomh inchomparáide mar thoradh air agus a d'fhéadfadh cur isteach ar cheapadh beartais ar leibhéal an Aontais dá réir sin.

Baineann breislúach an staidrimh daonra agus déimeagrafaigh iomláin inchomparáide ar leibhéal an Aontais go príomha lena rannchuidiú suntasach do riachtanais institiúideacha éagsúla agus do réimsí beartais éagsúla an Aontais atá

an-ábhartha do mhórán tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin (i.e. Geilleagar a fhóireann do dhaoine, Ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn, Ugach nua do dhaonlathas na hEorpa). Teastaíonn staidreamh daonra agus déimeagrafach freisin chun cur le cúraimí agus nósanna imeachta institiúideacha éagsúla an Aontais a leagtar síos leis na Conarthaí, amhail na hualaí daonra náisiúnta chun cuóta 65 % de dhaonra an Aontais a chinneadh le haghaidh vótáil trí thromlach cáilithe na Comhairle (Airteagal 16 CAE), réamh-mheastacháin fhadtéarmacha eacnamaíocha agus bhuiséadacha an Aontais laistigh den Seimeastar Eorpach (Airteagal 121 (6) CFAE a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011⁴⁷), agus faireachán a dhéanamh ar staid dhéimeagrafach bhliantúil an Aontais (Airteagal 159 CFAE).

Leis na sonraí sin cuirtear bonn eolais faoi bheartais an Aontais a thagann faoi inniúlachtaí roinnte (e.g. beartas sóisialta; comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach; an limistéar saoirse, slándála agus ceartais) agus inniúlachtaí tacaíochta (e.g. sláinte, an óige, cosaint shibhialta agus comhar riaracháin). Tá an staidreamh daonra ina chnámh droma le haghaidh staidreamh Eorpach eile (suirbhéanna samplacha, cuntais náisiúnta) agus úsáidtear iad chun táscairí per capita a ríomh. Ar deireadh, tá an staidreamh daonra agus déimeagrafach deartha freisin chun freastal ar riachtanais úsáideoirí iomadúla, le haghaidh cinnteoireachta ar gach leibhéal san Aontas Eorpach, chomh maith le taighde agus eolas a thabhairt don phobal i gcoitinne.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá bailiúcháin sonraí éigeantacha le comhrialacha sainithe ríthábhachtach chun iomláine agus tráthúlacht an staidrimh daonra ar leibhéal an Aontais a áirithiú; d'fhéadfadh gnóthachain shuntasacha éifeachtachta agus éifeachtúlachta a bheith mar thoradh ar bhailiúcháin dheonacha sonraí a rialáil a bhfuil iomláine ard ag baint leo cheana féin toisc gur féidir breisluach suntasach AE a ghiniúint ar chostais incriminteacha teoranta.

Is ionstraimí cuí iad bailiúcháin sonraí dheonacha chun soláthar topaicí nó saintréithe nua a phiólótú, agus chun cumas incriminteach na gcóras náisiúnta staidrimh a chothú chun sonraí nua den sórt sin a sholáthar. Is gnách go n-éiríonn siad neamhéifeachtúil le himeacht ama, áfach, de réir mar a theipeann ar chostais athfhillteacha táirgthe faoi dheireadh breisluach substaintiúil AE a ghiniúint i gcomhthéacs iomláine ar fud na mBallstát.

Mar thoradh ar shainmhínte dlíthiúla scaoilte ar thopaicí staidrimh cailltear smacht ar chomhchuibhiú coincheapúil agus, dá bhrí sin, cailltear comhleanúnachas agus inchomparáideacht le himeachta ama. Léiríodh i sampla an bhoinn daonra conas a rinneadh caighdeán nua fíorasach de chlásal mainneachtana a tugadh isteach mar eisceacht ar dtús lena raibh raon feidhm teoranta.

Le creat dlíthiúil atá ródhocht ní fhéadfar ábharthacht a choinneáil le himeacht ama. Tá ábharthacht á cailleadh go tapa mar gheall ar an idirghabháil sin go dtí an lá atá inniu ann, ag tosú cheana féin le linn a tréimhse cur chun feidhme, de bharr nach bhfuil sásraí solúbthachta ann chun bailiúcháin sonraí a chur in oiriúint do

⁴⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 12).

riachtanais atá ag teacht chun cinn nó chun brabús a dhéanamh as deiseanna atá á spreagadh le foinsí nua sonraí a bheith ar fáil.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

I dtéarmaí an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil reatha, tá an togra comhoiriúnach leis an gClár don Mhargadh Aonair a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/690⁴⁸.

Maidir le reachtaíocht staidrimh AE, tá an togra comhoiriúnach le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach. Ina theannta sin, tá an togra ceaptha lena chomhtháthú le Rialachán (AE) 2019/1700 lena mbunaítear creat coiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, agus ar an dóigh sin cuirtear nuachóiriú an staidrimh shóisialta Eorpaigh i gcrích.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Cumhdófar riachtanais mhaoinithe an Togra le Cinntí Maoinithe/Cláir Oibre Bhliantúla an Chláir don Mhargadh Aonair agus an chláir ina dhiaidh sin ina gcorpraítear Staidreamh Eorpach.

⁴⁸ Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomáiochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1).

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2022 go dtí 2024,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modh(anna) bainistíochta atá beartaithe⁴⁹

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- trína ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

- a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- an BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- comhlachtaí dlí phoiblí;
- comhlachtaí arna rialú leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- comhlachtaí arna rialú le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Tuairimí' le do thoil.*

Tuairimí

⁴⁹ Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht agus coinniollacha.

Leis an togra cuirfí oibleagáid ar na Ballstáit tuarascálacha cáilíochta a sholáthar maidir leis na sonraí agus na meiteashonraí uile a bhailítear faoin rialachán gach trí bliana ó Mhárta 2027.

Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún (Eurostat) i gcomhar leis na Ballstáit tuarascálacha a ullmhú maidir le torthaí aon treoirstaidéar a dhéantar faoin rialachán.

2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistiúcháin, leis na módúlachtaí iocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ós rud é gurb é an bhainistíocht dhíreach an modh bainistíochta a roghnaigh an Coimisiún don togra, is le bainistiú soláthairtí agus deontas a bhaineann na príomhríoscaí bunaidh.

Dírítear straitéis rialaithe Eurostat ar chomhaontuithe deontais agus ar idirbhearta soláthair. Tá sé bunaithe ar mheasúnú riosca agus leanann sé prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta. Tacóidh sé (i) le rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú; (ii) an fráma a shocrú do gach cineál gníomhaíochta rialaithe maidir le hidirbhearta airgeadais laistigh de Eurostat; (iii) tacaíocht chun an ráta earráide braite de rialuithe ex post maidir le comhaontuithe deontais a thabhairt go dtí leibhéal inghlactha agus a choinneáil; (iv) éifeachtúlacht agus éifeachtacht rialuithe a mhéadú; agus (v) an t-ualach riaracháin do thairbhíthe agus do Eurostat a laghdú.

Maidir le soláthar, áirítear ar rialuithe coisctheacha (rialuithe ex ante) meastóireacht ar riosca comhchruinnithe le haghaidh idirbheart soláthair agus athbhreithnithe cáilíochta ex post.

Maidir le deontais, cuimsítear i rialuithe coisctheacha (rialuithe ex ante) rialuithe braite (rialuithe ex post), measúnuithe tréimhsiúla ar chnapshuimeanna, costais aonaid nó rátaí comhréidhe agus rialuithe ad hoc.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

D'fhorbair an Coimisiún (Eurostat) straitéis rialaithe. Tá na bearta agus na huirlisí atá sa straitéis seo infheidhme go hiomlán maidir le soláthar staidrimh faoin rialachán atá beartaithe. Féadann na cineálacha athruithe a thugtar isteach leis an straitéis seo an dóchúlacht atá ann go ndéanfar calaois a laghdú agus féadann siad cuidiú le calaois a chosc. Áirítear leo sin: castacht a laghdú, nósanna imeachta faireacháin costéifeachtacha a chur i bhfeidhm, agus seiceálacha rioscabhunaithe ex ante agus ex post a dhéanamh. Áirítear sa straitéis seo freisin bearta múscailte feasachta agus oiliúint maidir le calaois a chosc.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tá straitéis rialaithe i bhfeidhm ag an gCoimisiún (Eurostat) a bhfuil sé mar aidhm léi, go ginearálta, teorainn a chur leis an riosca neamhchomhlíonta faoin gcritéar ábharthachta de 2 %, i gcomhréir leis na cuspóirí maidir le rialú inmheánach agus bainistíocht riosca a leagtar síos ina chlár staidrimh (Clár don Mhargadh Aonair sa CAI reatha). Beidh 100 % de na hidirbhearta airgeadais (agus ar an gcaoi sin 100 % den bhuiséad) faoi réir rialuithe éigeantacha ex ante i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Thairis sin, déanfar seiceálacha atá bunaithe ar ghrinnanailís ar an doiciméadacht fholuiteach ar bhonn anailísí riosca bliantúla. D’fhéadfadh go gcumhdófaí leo 4-6 % den bhuiséad iomlán arna bhainistiú ag Eurostat.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchhalaoise.

An 30 Deireadh Fómhair 2013, ghlac Eurostat a chéad straitéis frithchhalaoise do 2014-2017 i gcomhréir le straitéis frithchhalaoise an Choimisiúin an 24 Meitheamh 2011. Clúdaítear sa straitéis reatha frithchhalaoise an tréimhse 2021-2024.

Sonraítear trí chuspóir oibríochtúla sa straitéis sin: i) bearta frithchhalaoise atá ann cheana a neartú; ii) nósanna imeachta frithchhalaoise a chomhtháthú ar bhealach níos fearr le measúnú riosca agus bainistíocht riosca Eurostat agus le hiniúchtaí, pleanáil, tuairisciú agus faireachán; agus iii) acmhainní agus feasacht frithchhalaoise Eurostat a neartú mar chuid de chultúr frithchhalaoise an Choimisiúin.

Tá plean gníomhaíochta frithchhalaoise ag gabháil leis an straitéis frithchhalaoise. Le linn na tréimhse cur i bhfeidhm, déanfar faireachán faoi dhó sa bhliain ar chur chun feidhme na straitéise frithchhalaoise agus seolfar tuarascálacha chuig an lucht bainistíochta.

Is comhlachtaí poiblí na faighteoírí uile a d’fheadfadh deontais a fháil (institiúidí staidrimh náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile, mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009). Ina theannta sin, bronntar na deontais gan ghlaonna ar thograí. Tá bearta i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar bhainistiú na ndeontas. Cuirtear san áireamh leo sin na nósanna imeachta sonracha maidir le deontais, agus tá anailís ex ante agus ex post ina cuid de bhainistiú na ndeontas.

Trí chostais aonaid agus cnapshuimeanna a úsáid laghdaítear go mór an baol go mbeidh earráidí ann a bhaineann le bainistiú na ndeontas, i gcomhréir le hAirteagal 124(1) den Rialachán Airgeadais, rud a shimplíonn riar na ndeontas sin go mór.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal nó ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne nó na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Líon	Difreáilte/ Neamhdhif reáilte ⁵⁰ .	ó thíortha de chuid CSTE ⁵¹	ó thíortha is iarrthóirí ⁵²	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	BGUE-BXXXX-03-020500-C1-ESTAT	Difreáilte	TÁ	NÍL	TÁ	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Líon	Difreáilte/ Neamhdhif reáilte	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	Ceann ar bith		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

⁵⁰ Difreáilte = Leithreasuithe difreáilte / Neamhdhifreáilte = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁵¹ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁵² Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilítear leis togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	1	An Margadh Aonair, Taighde agus Nuálaíocht
--	---	--

DG: ESTAT			Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Blianta ina dhiaidh sin	IOMLÁN
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid ⁵³ 03 02 05	Gealltanais	(1a)	3.889	3.191	1.183	0.000	8.263
	Íocaíochtaí	(2a)	1.296	2.360	2.754	1.853	8.263
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					
	Íocaíochtaí	(2b)					
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonracha ⁵⁴							
Líne bhuiséid		(3)					
IOMLÁN leithreasuithe do DG ESTAT	Gealltanais	=1a+1b +3	3.889	3.191	1.183	0.000	8.263
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	1.296	2.360	2.754	1.853	8.263

⁵³ De réir ainmníocht an bhuiséid oifigiúil.

⁵⁴ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	3.889	3.191	1.183	0.000	8.263
	Íocaíochtaí	(5)	1.296	2.360	2.754	1.853	8.263
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach		(6)					
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL <1> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	3.889	3.191	1.183	0.000	8.263
	Íocaíochtaí	=5+ 6	1.296	2.360	2.754	1.853	8.263

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceanteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís:

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceanteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)					
	Íocaíochtaí	(5)					
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceanteideal oibríochta)		(6)					
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6	3.889	3.191	1.183	0.000	8.263
	Íocaíochtaí	=5+ 6	1.296	2.360	2.754	1.853	8.263

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

Ba cheart an chuid seo a chomhlánú trí úsáid a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' atá le tabhairt isteach ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha), a uaslódáiltear chun CINNEADH a dhéanamh chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Blianta ina dhiaidh sin	IOMLÁN
DG: ESTAT					
• Acmhainní daonna	3.656	3.656	3.656	0.000	10.968
• Caiteachas riaracháin eile	0.100	0.100	0.100	0.000	0.300
IOMLÁN DG ESTAT	3.756	3.756	3.756	0.000	11.268

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	3.756	3.756	3.756	0.000	11.268
--	---	-------	-------	-------	-------	---------------

EUR milliúin (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

		Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Blianta ina dhiaidh sin	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	7.645	6.947	4.939	0.000	19.531
	Íocaíochtaí	5.052	6.116	6.510	1.853	19.531

3.2.2. An t- aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ↓			Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN				
	ASCHUIR									
	Sagha ⁵⁵	Meánchostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ⁵⁶			Staidreamh Eorpach iomlán, comhleanúnach agus inchomparáide maidir leis an daonra agus le tithíocht a áirithiú							
- Staidreamh		0.542		0.713		0.713		0.201		1.627
- Bonneagar comhroinnte sonraí		0.235		0.700		0.002		0.002		0.704
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 1				1.413		0.715		0.203		2.331
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2			Staidreamh tráthúil agus rialta a áirithiú chun freastal ar riachtanais úsáideoirí							
- Staidreamh		0.542		0.713		0.713		0.201		1.627
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 2				0.713		0.713		0.201		1.627
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3:			Staidreamh a sholáthar atá sách cuimsitheach ó thaobh topaicí ábhartha de agus atá sách mionsonraithe ó thaobh saintréithe agus miondealuithe de							
- Staidreamh		0.638		0.809		0.809		0.297		1.915
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 3				0.809		0.809		0.297		1.915
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 4:			Creatáí dlíthiúla agus bailithe sonraí a chur chun cinn atá solúbtha go leor chun tacair shonraí a chur in oiriúint do riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus do dheiseanna atá ag teacht chun cinn ó fhoinsí nua							
- Treoirstaidéir		0.288		0.288		0.288		0.288		0.864

⁵⁵ Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

⁵⁶ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

- Foinsí sonraí nua, modheolaíocht		0.509		0.665		0.665		0.196		1.526
Fo-iomlán do chuspóir sonrath Uimh. 4				0.953		0.953		0.483		2.389
IOMLÁIN				3.889		3.191		1.183		8.263

3.2.3. Achoimre ar an tionchar measta ar leithreasuithe de chineál riaracháin

- Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	--------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil				
Acmhainní daonna	3.656	3.656	3.656	10.968
Caiteachas riaracháin eile	0.100	0.100	0.100	0.300
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	3.756	3.756	3.756	11.268

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7⁵⁷ den chreat airgeadais ilbhliantúil				
Acmhainní daonna				
Caiteachas eile de chineál riaracháin				
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil				

IOMLÁN	3.756	3.756	3.756	11.268
---------------	--------------	--------------	--------------	---------------

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrtóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina cúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrtóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrtóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁵⁷ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist sa phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)			
20 01 02 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin)	20	20	20
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)			
01 01 01 01 (Taighde indíreach)			
01 01 01 11 (Taighde díreach)			
Línte buiséid eile (sonraigh)			
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)⁵⁸			
20 02 01 (AC, END, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)	6	6	6
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)			
XX 01 xx yy zz ⁵⁹	- sa Ceannteathrú		
	- i dToscaireachtaí		
01 01 01 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach)			
01 01 01 12 (AC, END, INT - Taighde díreach)			
Línte buiséid eile (sonraigh)			
IOMLÁN	26	26	26

Is é **03** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséidacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	<p>Obair mhodheolaíochta chun na coincheapa, na sainmhínithe agus na modhanna staidrimh a chur chun feidhme go fónta</p> <p>Obair soláthartha sonraí chun na sonraí agus na meiteashonraí a fháil, a phróiseáil, a bhailíochtú agus a fhoilsiú</p> <p>Anailís sonraí, foilseacháin agus tacaíocht d'úsáideoirí</p> <p>An comhar staidrimh rialála</p> <p>Comhar idirnáisiúnta maidir le cúrsaí staidrimh</p>
Pearsanra seachtrach	Obair TF agus obair theicniúil eile a thacaíonn le soláthar agus anailís sonraí

⁵⁸ AC = Baill Foirne ar Conradh; AL = Baill Foirne Áitiúla; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT = baill foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

⁵⁹ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte ‘BA’).

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

An togra/tionscnaimh:

- is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athúsáid laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, ag sonrú na línte buiséid lena mbaineann mar aon leis na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla excel ar fáil i gcás athchlárú mór.

Cumhdófar na riachtanais airgeadais le leithreasuithe an Chláir don Mhargadh Aonair mar a fhoráiltear i gclársceidealú airgeadais CAI 2021-2027.

- is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceanteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- tá gá le hathbhreithniú ar an CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceanteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranniocaíochtaí ó thrú páirtithe

An togra/tionscnaimh:

- ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

	Bliain N ⁶⁰	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

⁶⁰ Is í bliain N an bhliain a chuirfeadh tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheith ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.3. An tionchar measta ar ioncam

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnaimh ar ioncam.
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ar acmhainní dílse
 - ar ioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

Líne bhuiséid ioncain:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁶¹					Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3				
Airteagal									

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n- imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

⁶¹ A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.